2026/562

30.3.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/562 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Márta 2026

lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach in earnáil an iompair ar iarnród, an iompair ar uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 93, 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 108(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2586 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 maidir le hAirteagail 93, 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i dtaca le catagóirí áirithe státchabhrach in earnálacha an iompair ar iarnród, an iompair ar uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 1 de,

Tar éis dó dréacht den Rialachán seo a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2586,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Státchabhair,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cistiú stáit a chomhlíonann critéir Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('an Conradh'), is státchabhair é agus ní mór fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith faoi Airteagal 108(3) den Chonradh. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 109 den Chonradh, féadfaidh an Chomhairle catagóirí cabhrach a chinneadh atá díolmhaithe ón gceanglas fógra sin. I gcomhréir le hAirteagal 108(4) den Chonradh, féadfaidh an Coimisiún rialacháin a ghlacadh maidir leis na catagóirí státchabhrach sin.

(2) Le Rialachán (AE) 2022/2586, tugtar de chumhacht don Choimisiún a dhearbhú go bhféadfar cabhair le haghaidh chomhordú an iompair dá dtagraítear in Airteagal 93 den Chonradh a dhíolmhú, faoi choinníollacha áirithe, ón gceanglas fógra.

(3) Cabhair le haghaidh iompar de thalamh, meastar go bhfuil sí comhoiriúnach leis an gConradh má chomhlíonann sí riachtanais maidir le comhordú iompair nó más 'aisíocaíocht as comhlíonadh oibleagáidí áirithe ar gné dhílis iad de choincheap na seirbhíse poiblí' í i gcomhréir le hAirteagal 93 den Chonradh.

(4) Chun sprioc an Aontais maidir le haeráidneodracht a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaint amach ([2]), tá gá le claochlú bunúsach glas agus digiteach ar an iompar san Aontas. Mar chuid de straitéis 2020 an Choimisiúin um an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste ([3]), d'iarr an tAontas ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun gach modh iompair a dhéanamh níos inbhuanaithe agus aistriú chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe a chur chun cinn.

(5) In Airteagal 11 den Chonradh cuirtear tiomantas an Aontais do chosaint an chomhshaoil agus don inbhuanaitheacht i dtábhacht, agus leagtar béim ar cheanglais chomhshaoil a chomhtháthú i sainiú agus i gcur chun feidhme a chuid beartas agus gníomhaíochtaí.

([1]) IO L 338, 30.12.2022, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2586/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj).

([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future* [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí] (COM(2020) 789 final).

(6) Ar bhonn thaithí an Choimisiúin maidir le hAirteagal 93 den Chonradh a chur i bhfeidhm, meastar nach n-eascraíonn aon saobhadh mór ar an iomaíocht agus ar an trádáil idir na Ballstáit as catagóirí áirithe státchabhrach a chomhlíonann riachtanais chomhordú an iompair, ar choinníoll go gcomhlíonann siad critéir shoiléire chomhoiriúnachta áirithe a leagtar amach ar bhonn an chleachtais fhairsing cinnteoireachta.

(7) Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le bearta státchabhrach oibriúcháin agus infheistíochta a dheonaítear in earnálacha an iompair inbhuanaithe de thalamh.

(8) Cabhair lena gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar síos sa Rialachán seo, is é sin, cabhair ghinearálta agus cabhair a bhaineann go sonrach leis na catagóirí ábhartha cabhrach araon, ba cheart í a dhíolmhú ón oibleagáid fógra a leagtar síos in Airteagal 108(3) den Chonradh.

(9) Maidir le státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo, leanfaidh sí de bheith faoi réir an cheanglais fógra a leagtar síos in Airteagal 108(3) den Chonradh. Ní dhéanann an Rialachán seo difear don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit fógra a thabhairt faoi chabhair a bhfuil cuspóirí aici a chomhfhreagraíonn do chuspóirí a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

(10) Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach maidir le cabhair a chomhlíonann na riachtanais maidir le comhordú an iompair. Cabhair le haghaidh comhlíonadh oibleagáidí áirithe is gné dhílis de choincheap seirbhíse poiblí in earnálacha an iompair de thalamh, ba cheart leanúint dá rialú le Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) nó, i gcás nach gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin, ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún fúithi. Gnóthais a sholáthraíonn seirbhísí iompair phoiblí agus ar tugadh conradh seirbhíse poiblí dóibh, ba cheart iad a bheith in ann tairbhiú de chabhair a dheonaítear faoin Rialachán seo ar choinníoll, go háirithe, go gcomhlíontar Airteagal 8 den Rialachán seo, agus go gcuirtear cosc ar róchúiteamh.

(11) Leis an Rialachán seo, ba cheart a bheith in ann simpliú níos fearr a dhéanamh i gcomhréir le cuspóirí an Choimisiúin ([5]) agus an trédhearcacht a mhéadú, chomh maith le meastóireacht éifeachtach agus seiceálacha ar chomhlíonadh na rialacha maidir leis an státchabhair ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus cumhachtaí institiúideacha an Choimisiúin agus na mBallstát á gcaomhnú an tráth céanna. Tá sé sin i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Nuachóiriú státchabhrach an Aontais ([6]) agus le toradh na seiceála oiriúnachta a rinne an Coimisiún in 2020 ([7]) inar cuireadh i dtábhacht an gá atá le hualaí riaracháin a laghdú agus caiteachas poiblí éifeachtúil a áirithiú.

(12) Leagtar síos na coinníollacha ginearálta maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar bhonn tacar comhphrionsabal lena n-áirithítear an méid seo a leanas maidir leis an gcabhair: (i) go bhfónann sé do chuspóir an chomhordaithe iompair; (ii) go bhfuil éifeacht shoiléir dreasachta aige; (iii) gur gá é agus go bhfuil sé iomchuí agus comhréireach; (iv) go ndeonaítear é le trédhearcacht iomlán agus go bhfuil sé faoi réir sásra rialaithe agus meastóireacht thráthrialta; agus (v) nach ndéanann sé difear d'iomaíocht agus do thrádáil a mhéid a chuireann sé leasanna ginearálta an Aontais i mbaol.

(13) Chun a áirithiú go bhfuil gá leis an gcabhair agus gur dreasacht í chun gníomhaíochtaí agus tionscadail a fhorbairt a thuilleadh, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le cabhair do ghníomhaíochtaí nó tionscadail a dtabharfadh an tairbhí fúthu ar aon nós, fiú in éagmais na cabhrach. Níor cheart cabhair a dhíolmhú ó fhógra a thabhairt faoin Rialachán seo ach amháin má chuirtear tús leis an obair ar an tionscadal nó ar an ngníomhaíocht dá dtugtar cabhair tar éis don tairbhí iarratas i scríbhinn ar an gcabhair a chur isteach. Ní mheastar gur tús oibre ar an tionscadal cuidithe é talamh a cheannach ná obair ullmhúcháin a dhéanamh amhail ceadúnais a fháil agus staidéir indéantachta a dhéanamh.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69 agus Rialachán (CEE) Uimh. 1107/70 ón gComhairle (IO L 315, 3.12.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/1370/oj).

([5]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú (COM(2025) 47 final).

([6]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Nuachóiriú Státchabhrach (SAM) an Aontais (COM(2012) 209 final).

([7]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 30 Deireadh Fómhair 2020, *Fitness Check of the 2012 State aid modernisation package, railways guidelines and short-term export credit insurance* [Seiceáil Oiriúnachta ar phacáiste 2012 um nuachóiriú státchabhrach, treoirlínte iarnróid agus árachas creidmheasa onnmhairiúcháin gearrthéarmach] (SWD(2020) 257 final).

(14) A mhéid a bhaineann le haon chabhair infheistíochta *ad hoc* a chumhdaítear leis an Rialachán seo a dheonaítear do thairbhí ar fiontar mór é, ba cheart don Bhallstát a áirithiú, anuas ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a bhaineann le héifeacht dreasachta a bhfuil feidhm acu maidir le tairbhithe ar fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) iad, go bhfuil anailís déanta ag an tairbhí, mar a léirítear lena dhoiciméadacht inmheánach, ar inmharthanacht na hinfheistíochta dá dtugtar cabhair le cabhair agus gan chabhair. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don Bhallstát a fhíorú go ndeimhnítear le doiciméadacht den sórt sin go dtiocfaidh méadú ábhartha ar raon feidhme na hinfheistíochta a dtacaíonn an chabhair léi, méadú ábhartha ar an méid iomlán a chaitheann an tairbhí ar infheistíocht den sórt sin, nó méadú ábhartha ar luas críochnaithe na hinfheistíochta mar thoradh ar an gcabhair.

(15) Ba cheart scéimeanna cabhrach uathoibríocha i bhfoirm buntáistí cánach a bheith faoi réir coinníoll sonrach i dtaca leis an éifeacht dreasachta, ós rud é go ndéantar an chabhair a thagann as na scéimeanna cabhrach sin a dheonú go huathoibríoch. Ciallaíonn an coinníoll sonrach sin nár cheart do na scéimeanna cabhrach sin tacú ach le tionscadail nó gníomhaíochtaí a gcuirtear tús le hoibreacha orthu tar éis theacht i bhfeidhm na scéimeanna sin. Mar sin féin, níor cheart feidhm a bheith ag an gcoinníoll sin i gcás scéimeanna comharbachta cabhrach, ar choinníoll gur cumhdaíodh an ghníomhaíocht cheana féin leis na scéimeanna réamhtheachtacha i bhfoirm buntáistí cánach. Agus measúnú á dhéanamh ar éifeacht dreasachta scéimeanna comharbachta cabhrach, is é an tráth ríthábhachtach is ceart a mheas ná an tráth a leagadh an beart cánach síos den chéad uair sa scéim bhunaidh.

(16) Ba cheart a mheas go bhfuil éifeacht dreasachta ag cabhair oibriúcháin chun costais sheachtracha iompair a chomhlíonann coinníollacha an Rialacháin seo a laghdú má chuirtear an chabhair ar aghaidh chuig na húsáideoirí agus, dá bhrí sin, má mhéadaítear an t-éileamh ar sheirbhísí iompair inbhuanaithe agus ar aistriú módach. Tá sé d'aidhm ag an bpoiblíocht feasacht a mhéadú maidir leis na bearta atá ar fáil chun an bhearna iomaíochais a laghdú idir modhanna iompair inbhuanaithe de thalamh agus modhanna iompair de bhóthar amháin nó modhanna iompair iomaíocha eile nach bhfuil chomh hinbhuanaithe céanna. Dá bhrí sin, meastar go n-áirithítear leis an bpoiblíocht go bhfuil an praghas a iarrtar ar úsáideoirí a íoc ag teacht leis an gcabhair.

(17) Chun críocha na trédhearcachta, na córa comhionainne agus an fhaireacháin éifeachtaigh, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach amháin maidir le cabhair a fhéadfar a ríomh go beacht i dtéarmaí a coibhéise deontais chomhláin *ex ante* gan gá le measúnú riosca a dhéanamh ('cabhair thrédhearcach'). I gcás ionstraimí cabhrach áirithe, amhail iasachtaí, ráthaíochtaí, bearta cánach, bearta agus, go háirithe, airleacain in-aisíoctha, ba cheart a shainiú sa Rialachán seo na coinníollacha faoinar féidir a mheas go bhfuil siad trédhearcach. Maidir le cabhair ar ráthaíochtaí í, ba cheart a mheas gur cabhair thrédhearcach í má rinneadh an choibhéis deontais chomhláin a ríomh ar bhonn préimheanna cuanta sábháilte a leagtar síos don chineál gnóthais ar leith. Ba cheart a mheas freisin gur cabhair thrédhearcach í freisin más rud é, roimh chur chun feidhme an bhirt, gur tugadh fógra don Choimisiún maidir leis an modheolaíocht a úsáideadh chun déine cabhrach na ráthaíochta stáit a ríomh agus gur fhormheas sé í i gcomhréir le fógra ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh maidir le státchabhair i bhfoirm ráthaíochtaí ([8]). Chun críocha an Rialacháin seo, níor cheart a mheas gur cabhair thrédhearcach í cabhair lena mbaineann measúnú eacnamaíoch casta chun coibhéis deontais chomhláin na cabhrach *ex ante* a ríomh go beacht (amhail cabhair ar infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí cuasachothromais í), ach amháin má mheastar gurb é atá i gcoibhéis deontais chomhláin na cabhrach sin méideanna ainmniúla na n-infheistíochtaí sin.

(18) Chun a áirithiú go bhfuil cabhair comhréireach agus teoranta don mhéid is gá, ba cheart uasmhéideanna cabhrach a leagan síos i dtéarmaí déine cabhrach i ndáil le tacar costas incháilithe. Ar bhonn thaithí an Choimisiúin, ba cheart an déine cabhrach a shocrú ar leibhéal lena n-íoslaghdaítear saobhadh iomaíochta agus trádála arb í an ghníomhaíocht dá dtugtar cabhair is cúis leis agus aghaidh á tabhairt go hiomchuí an tráth céanna ar chlistí margaidh nó ar bhacainní eile ar chomhordú an iompair.

(19) Níor cheart ach costais incháilithe a chur san áireamh agus an déine cabhrach á ríomh. Ba cheart fianaise dhoiciméadach atá soiléir, sonrach agus cothrom le dáta a bheith ann mar thacaíocht do shainaithint na gcostas incháilithe. Cabhair a sháraíonn an déine cabhrach ábhartha, níor cheart í a dhíolmhú ó na ceanglais fógra. Maidir leis na méideanna uile a úsáidtear sa ríomh, ba cheart na méideanna arb ann dóibh sula n-asbhaintear aon cháin nó muirear eile a úsáid. Ba cheart an chabhair is iníoctha i roinnt tráthchodanna a lascainiú go dtí a luach tráth a dheonaítear í. Ba cheart na costais incháilithe a lascainiú freisin go dtí a luach an tráth sin.

([8]) IO C 155, 20.6.2008, lch. 10.

(20) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú nach ndéanfaidh cabhair údaraithe difear d'iomaíocht agus do thrádáil a mhéid a chuirtear leasanna ginearálta an Aontais i mbaol. Dá bhrí sin, maidir le cabhair i bhfabhar tairbhí a bhfuil ordú gnóthaithe gan íoc os a chomhair i ndiaidh cinneadh roimhe sin ón gCoimisiún lena ndearbhaítear go bhfuil cabhair ar leith neamhdhleathach agus ar neamhréir leis an margadh inmheánach, ba cheart an chabhair sin a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.

(21) Ba cheart cabhair do ghnóthais atá i gcruachás a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart an chabhair sin a mheasúnú ar bhonn na dTreoirlínte maidir le státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu ([9]).

(22) Comhdhlúthaítear leis an Rialachán seo an taithí fhairsing a fuair an Coimisiún ar mheasúnú a dhéanamh ar chabhair oibriúcháin atá ceaptha chun costais sheachtracha an iompair a laghdú. Ba cheart cabhair den sórt sin a chainníochtú ar bhonn na gcostas seachtrach a sheachnófaí trí réiteach iompair níos inbhuanaithe a ghlacadh seachas modh iompair atá iomaíoch agus inmharthana ó thaobh tráchtála de, amhail iompar de bhóthar amháin. D'fhéadfadh sé go mbeadh an chabhair i bhfoirm laghdú ar na muirir a íocann oibreoirí iompair chun bonneagar a úsáid. Níor cheart cabhair oibriúcháin chun costais sheachtracha iompair a laghdú a chumhdach leis an Rialachán seo ach amháin i gcás ina bhfuil saobhadh ar an iomaíocht agus ar an trádáil teoranta agus faoi réir coinníollacha dea-shainithe. Is amhlaidh atá an cás nuair a dhéantar na costais sheachtracha a sheachnaítear a ríomh i gcomhréir leis na rialacha agus leis an modheolaíocht a leagtar amach i Lámhleabhar an Choimisiúin maidir le costais sheachtracha an iompair ([10]), i gcás a gcoinnítear an déine cabhrach faoi thairsí áirithe, agus i gcás nach ndeonaítear an chabhair ach le haghaidh seirbhísí iompair inbhuanaithe de thalamh a sholáthraítear iarbhír. Áirithítear leis sin go mbeidh an chabhair teoranta go docht do chúiteamh ar na costais sheachtracha a bhaineann le modh iompair níos inbhuanaithe a úsáid.

(23) Thairis sin, níor cheart cabhair oibriúcháin chun tacú le hoibreoirí iompair nó le heagraithe iompair agus naisc lasta iarnróid tráchtála nua nó naisc lasta uiscebhealaí intíre tráchtála nua á seoladh acu a chumhdach leis an Rialachán seo ach amháin i gcás ina bhfuil saobhadh iomaíochta agus trádála teoranta agus faoi réir coinníollacha dea-shainithe. Is amhlaidh atá an cás nuair a dhéantar an méid cabhrach a ríomh i ndáil leis na caillteanais oibriúcháin a thabhaigh an tairbhí le linn na chéad 5 bliana d'oibriúchán an naisc lasta tráchtála nua agus coinnítear an déine cabhrach faoi thairseach áirithe.

(24) Tá infheistíocht i saoráidí seirbhísí iarnróid, saoráidí uiscebhealaí intíre, saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid nó uiscebhealaí intíre agus i dtaobhlaigh phríobháideacha ar fud an Aontais riachtanach chun nascacht agus feidhmiú inbhuanaithe an gheilleagair agus an comhtháthú idir na Ballstáit a áirithiú. Tacaíonn infheistíochtaí den sórt sin le tosaíochtaí straitéis 2020 an Choimisiúin um an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste ([11]) lena dtugtar tús áite d'fhorbairt saoráidí iompair ilmhódaigh. Cabhair infheistíochta chun saoráidí seirbhísí iarnróid, saoráidí uiscebhealaí intíre, saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid nó uiscebhealaí intíre agus taobhlaigh phríobháideacha a thógáil, a uasghrádú agus a athnuachan, ba cheart iad a chumhdach leis an Rialachán seo. Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le cabhair le haghaidh bonneagar calafoirt (bearta, lamairní, etc.) agus cabhair le haghaidh bonneagar rochtana ar chalafoirt atá incháilithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún ([12]). Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le cabhair le haghaidh forstruchtúr calafoirt (socruithe dromchla amhail le haghaidh stórála, saoráidí seirbhísí amhail stórais, chomh maith le trealamh a úsáidtear chun saoráidí a oibriú), ar choinníoll go bhfuil an forstruchtúr i gceist lonnaithe i saoráid uiscebhealaí intíre nó i saoráid iompair ilmhódaigh a bhfuil nasc iarnróid nó uiscebhealaí intíre aici. Maidir leis an gcineál sin cabhrach, ba cheart laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin a eascraíonn as fógra a thabhairt faoi bhearta státchabhrach simplí, rud lena gcuirtear ar a chumas don Choimisiún freisin díriú ar na cásanna is saobhaí a d'fhéadfadh a bheith ann. Na coinníollacha maidir le cabhair infheistíochta do shaoráidí seirbhísí iarnróid, saoráidí uiscebhealaí intíre, saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid nó uiscebhealaí intíre agus taobhlaigh phríobháideacha a dhíolmhú ón gceanglas fógra, ba cheart go dteorannófar leo saobhadh iomaíochta agus trádála a dhéanfadh dochar do chothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach. Cuirtear teorainn le saobhadh trádála agus iomaíochta go háirithe trí chomhréireacht na cabhrach a áirithiú.

([9]) IO C 249, 31.7.2014, lch. 1.

([10]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, Essen, H., Fiorello, D., El Beyrouty, K. et al., *Handbook on the external costs of transport* [Lámhleabhar maidir le costais sheachtracha an iompair] – Leagan 2019 – 1.1, Oifig na bhFoilseachán an Aontais Eorpaigh, 2020, https://data.europa.eu/doi/10.2832/51388.

([11]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future* [An Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí] (COM(2020) 789 final).

([12]) Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/651/oj).

(25) Cabhair infheistíochta chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre agus catagóirí áirithe trealaimh a mbaintear feidhm astu le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe (i.e. Aonaid Luchtaithe Idirmhódúla agus craenacha ar bord soithí), níor cheart í a chumhdach leis an Rialachán seo ach amháin i gcás ina bhfuil an saobhadh ar an iomaíocht agus ar an trádáil teoranta. Chun cineálacha áirithe trealaimh a fháil le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe, is amhlaidh atá an cás maidir le scéimeanna cabhrach lena gcumhdaítear craenacha ar bord soithí agus cuid de chostais Aonaid Luchtaithe Idirmhódúla agus i gcás ina bhfanann an déine cabhrach faoi thairseacha dea-shainithe. Chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre, is amhlaidh atá an cás nuair atá an chabhair i bhfoirm ráthaíochta do cheannaitheoir na feithicle faoi réir coinníollacha dea-shainithe. San earnáil iarnróid, tá deacrachtaí ag FBManna agus ag iontrálaithe nua a bhflíteanna a athnuachan nó a mhéadú mar gheall ar na costais arda infheistíochta a bhaineann le rothstoc a fháil agus mar gheall ar dheacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú. Tá dúshláin chomhchosúla roimh fhiontair mheánchaipitlithe bheaga ('FMBanna'). In earnáil na n-uiscebhealaí intíre, is FBManna nó FMBanna sa chás is fearr iad formhór na n-oibreoirí. Fágann sé sin gur deacair dóibh a gcabhlach a athnuachan nó a mhéadú mar gheall ar dheacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú margaidh. Dá bhrí sin, le cabhair infheistíochta i bhfoirm ráthaíochtaí d'iontrálaithe nua san earnáil iarnróid, do FBManna agus do FMBanna in earnálacha an iarnróid agus na n-uiscebhealaí intíre, cuirtear iompar inbhuanaithe chun cinn gan an iomaíocht ná an trádáil a shaobhadh go míchuí.

(26) I gcomhréir le beartais iompair agus dhigiteacha an Aontais, is gá tuilleadh iarrachtaí chun cumarsáid idir córais faisnéise iompair éagsúla a chumasú, chun comhordú gréasán iompair agus iomaíochta trasteorann a chumasú, agus chun sábháilteacht iompair a fheabhsú san Aontas. Tá sé sin riachtanach mar gheall ar na caighdeáin éagsúla atá ag gréasáin iompair éagsúla, an easpa comhchuibhithe theicniúil, uirlisí agus córais le haghaidh bailiú agus comhroinnt sonraí nach bhfuil comhoiriúnach, agus ábhair imní maidir le roinnt sonraí agus ceannasacht sonraí. Thairis sin, is léir ón taithí ar mheasúnú a dhéanamh ar bhearta le haghaidh tacaíocht idir-inoibritheachta faoina dtugtar fógra faoi Threoirlínte 2008 maidir le státchabhair do ghnóthais iarnróid ([13]) go bhfuil géarchlistí margaidh ann mar gheall ar easpa comhordúcháin agus 'míbhuntáiste an cheannródaí', nuair is mó ná leas tráchtála na n-oibreoirí iompair na buntáistí a bhaineann le teicneolaíocht nó caighdeán sonrach a thabhairt isteach.

(27) Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás córais rialaithe tráchta agus traenacha ar nós an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS). Córas aonair Eorpach rialaithe comharthaíochta agus luais is ea ERTMS lena n-áirithítear idir-inoibritheacht na gcóras iarnróid náisiúnta, lena laghdaítear costais cheannaigh agus chothabhála na gcóras comharthaíochta agus lena méadaítear luas na dtraenacha, toilleadh an bhonneagair agus leibhéal na sábháilteachta in iompar ar iarnród. Tá ERTMS comhdhéanta den Chóras Eorpach um Rialú Traenacha (ETCS), i.e. córas rialaithe le comharthaí sa chábán ina n-ionchorpraítear uathchosaint traenacha, an Raidió Móibíleach Iarnróid (RMR) agus Uathoibriú Traenach (ATO). Tá an córas RMR a úsáidtear faoi láthair le haghaidh oibríochtaí iarnróid, is é sin an Córas Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach – Iarnród (GSM-R), bunaithe ar shonraíochtaí a tugadh chun críche 20 bliain ó shin. Mar gheall ar dhífheidhmeacht theicneolaíoch, ní dócha go n-áiritheofar tacaíocht thionsclaíoch do GSM-R tar éis 2031. I bhfianaise na n-éifeachtaí diúltacha teoranta ar an iomaíocht agus ar an trádáil atá ag cabhair le haghaidh idir-inoibritheachta, agus an taithí a fuarthas á cur san áireamh, ba cheart cabhair den sórt sin a chumhdach leis an Rialachán seo faoi choinníollacha dea-shainithe.

(28) Chun iomaíochas an iompair ar iarnród agus ar uiscebhealaí intíre a chothú, is gá freisin oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú in earnálacha an iompair inbhuanaithe de thalamh a chur chun cinn. Ba cheart cabhair d'infheistíochtaí den sórt sin a bheith faoi réir coinníollacha a chuireann teorainn le saobhadh iomaíochta agus trádála a dhéanfadh dochar do chothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach. Go háirithe, ba cheart a áirithiú leis na coinníollacha maidir leis an gcabhair sin a dhíolmhú ó na ceanglais fógra go bhfuil an chabhair riachtanach agus comhréireach agus ba cheart coimircí maidir leis an gcineál cabhrach agus na costais incháilithe a bheith iontu.

(29) Maidir le cabhair do ghnóthais chun iad féin oiriúnú do chaighdeáin an Aontais a bheidh ann amach anseo, d'fhéadfadh sé go mbainfí ardleibhéal comhchuibhithe agus caighdeánaithe amach níos luaithe mar thoradh uirthi. Níor cheart cabhair a dhíolmhú ó na ceanglais fógra i gcás ina dtugann infheistíochtaí gnóthais i gcomhréir le caighdeáin de chuid an Aontais atá glactha cheana féin. Mar sin féin, i gcásanna inar glacadh caighdeán ábhartha an Aontais cheana féin ach nach bhfuil sé i bhfeidhm go fóill, d'fhéadfadh éifeacht dreasachta a bheith ag cabhair má dhreasaíonn sí an infheistíocht atá le cur chun feidhme agus le tabhairt chun críche 12 mhí ar a laghad sula dtiocfaidh an caighdeán i bhfeidhm, ar choinníoll nach mbeidh feidhm chúlghabhálach ag an gcaighdeán. Ionas nach ndíspreagfar na Ballstáit ó chaighdeáin náisiúnta éigeantacha a leagan síos atá níos déine nó níos uaillmhianaí ná na caighdeáin chomhfhreagracha de chuid an Aontais, féadfaidh éifeacht dreasachta a bheith ag bearta cabhrach gan beann ar na caighdeáin náisiúnta sin a bheith ann. Is amhlaidh an cás maidir le cabhair a dheonaítear i gcás caighdeáin náisiúnta shainordaitheacha arna nglacadh in éagmais chaighdeáin de chuid an Aontais.

([13]) Teachtaireacht ón gCoimisiún dar dteideal *Community Guidelines on State aid for railway undertakings* [Treoirlínte an Chomhphobail maidir le státchabhair do ghnóthais iarnróid] (IO C 184, 22.7.2008, lch. 13).

(30) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chatagóirí áirithe cabhrach ar fhógra a fháil nuair a chumhdaítear leo méideanna arda cabhrach a dheonaítear in aghaidh an tionscadail mar gheall ar an riosca níos airde a bhaineann le saobhadh míchuí ar an iomaíocht agus ar an trádáil. Dá bhrí sin, aon chabhair a dheonaítear os cionn tairseacha áirithe, ba cheart í a leanúint de bheith faoi réir an cheanglais fógra a leagtar síos in Airteagal 108(3) den Chonradh. Ba cheart a áirithiú nach dtéitear timpeall ar na tairseacha trí thionscadail a roinnt go saorga i roinnt tionscadal a bhfuil saintréithe, cuspóirí nó tairbhithe comhchosúla acu.

(31) I bhfianaise an tionchair mhóir a d'fhéadfadh a bheith ag scéimeanna móra cabhrach ar thrádáil agus iomaíocht, scéimeanna cabhrach ag a bhfuil buiséad a sháraíonn tairseach áirithe in aon bhliain ar leith nó atá bunaithe go hiomlán ar dhearbhluach, ba cheart go mbeidís faoi réir measúireacht státchabhrach i bprionsabal. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an measúireacht an méid seo leanas a fhíorú: (i) ar deimhníodh na toimhdí agus na coinníollacha atá mar bhonn le comhoiriúnacht na scéime; agus (ii) éifeachtacht an bhirt cabhrach i bhfianaise a chuspóirí ginearálta agus sonracha. Ba cheart go léireodh sé freisin tionchar na scéime ar an iomaíocht agus ar an trádáil. Chun an chóir chomhionann a áirithiú, ba cheart measúireacht státchabhrach a dhéanamh ar bhonn plean measúireachta arna fhormheas ag an gCoimisiún. Cé gur cheart plean den sórt sin a tharraingt suas de ghnáth nuair a dheartar an scéim agus é a fhormheas in am chun go dtiocfaidh an scéim i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé sin indéanta i ngach cás. Dá bhrí sin, ionas nach gcuirfear moill ar theacht i bhfeidhm scéimeanna cabhrach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le scéimeanna den sórt sin ar feadh uastréimhse thosaigh 6 mhí. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann síneadh a chur leis an tréimhse sin a luaithe a fhormheastar an plean measúireachta. Chuige sin, ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún faoin bplean measúireachta laistigh de 20 lá oibre tar éis theacht i bhfeidhm na scéime. Ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún freisin, ar bhonn eisceachtúil, cinneadh a dhéanamh nach bhfuil gá le measúireacht i bhfianaise shaintréithe sonracha an cháis.

(32) Gach faisnéis a bhfuil gá ag an gCoimisiún léi chun measúnú a dhéanamh ar an bplean measúireachta, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit an fhaisnéis sin a sholáthar dó. Ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún faisnéis bhreise a iarraidh freisin más gá, gan moill mhíchuí. Athruithe ar scéimeanna atá faoi réir measúireachta, seachas modhnuithe nach féidir leo difear a dhéanamh do chomhoiriúnacht na scéime cabhrach laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo nó nach féidir leo difear mór a dhéanamh d'ábhar an phlean measúireachta fhormheasta, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Maidir le hathruithe amhail modhnuithe atá go hiomlán foirmiúil nó modhnuithe riaracháin, lena n-áirítear modhnuithe a dhéantar faoi bhearta cómhaoinithe an Aontais, níor cheart a mheas i bprionsabal go ndéanann siad difear mór d'ábhar an phlean measúireachta fhormheasta.

(33) Chun a chinneadh cé acu a urramaíodh nó nár urramaíodh na tairseacha fógartha agus na huasteorainneacha cabhrach a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart méid iomlán na mbeart cabhrach le haghaidh na gníomhaíochta nó an tionscadail dá dtugtar cabhair a chur san áireamh. Ba cheart a shonrú sa Rialachán seo na himthosca faoinar féidir catagóirí éagsúla cabhrach a charnadh. Maidir le cabhair atá díolmhaithe ó na ceanglais fógra faoin Rialachán seo, ba cheart cead a thabhairt an chabhair sin a charnadh le haon chabhair chomhoiriúnach eile atá díolmhaithe faoi rialacháin eile nó le haon chabhair eile atá formheasta ag an gCoimisiún, fad is a bhaineann na bearta sin le costais incháilithe inaitheanta éagsúla. I gcás ina mbaineann foinsí éagsúla cabhrach leis na costais incháilithe inaitheanta chéanna – bídís ag forluí go páirteach nó go hiomlán – ba cheart carnadh suas leis an déine cabhrach nó leis an méid cabhrach is airde is infheidhme maidir leis an gcabhair sin a cheadú faoin Rialachán seo. Ba cheart rialacha speisialta a leagan amach sa Rialachán seo freisin maidir le bearta cabhrach a charnadh le costais incháilithe inaitheanta agus dá n-uireasa agus maidir le carnadh le cabhair *de minimis*. Is minic nach ndeonaítear cabhair *de minimis* le haghaidh costais incháilithe inaitheanta sonracha nó nach mbíonn sé inchurtha i leith na gcostas sin. Sna cásanna sin, ba cheart é a bheith indéanta cabhair *de minimis* a charnadh gan bhac le státchabhair a dhíolmhaítear faoin Rialachán seo. Mar sin féin, i gcás ina ndeonaítear cabhair *de minimis* le haghaidh na gcostas incháilithe inaitheanta céanna le státchabhair a dhíolmhaítear faoin Rialachán seo, níor cheart carnadh a cheadú ach suas leis an uasteorainn cabhrach a leagtar amach i gCaibidil II den Rialachán seo.

(34) Ní státchabhair é cistiú atá á bhainistiú go lárnach ag institiúidí, gníomhaireachtaí, comhghnóthais agus comhlachtaí eile an Aontais, agus nach bhfuil faoi rialú díreach nó indíreach na mBallstát. I gcás ina ndéantar an cistiú sin a chomhcheangal le státchabhair, níor cheart ach an státchabhair a chur san áireamh nuair a chinntear cé acu a urramaíodh nó nár urramaíodh tairseacha fógartha agus uasteorainneacha cabhrach nó uasmhéideanna cabhrach. Ba cheart feidhm a bheith aige sin ar choinníoll nach mó méid iomlán an chistithe phoiblí a dheonaítear i ndáil leis na costais incháilithe chéanna ná an ráta cistiúcháin is fabhraí a leagtar síos sna rialacha is infheidhme de dhlí an Aontais.

(35) Tá trédhearcacht na státchabhrach fíor-riachtanach chun rialacha an Chonartha a chur i bhfeidhm i gceart agus bíonn comhlíontacht níos fearr, freagracht níos fearr, athbhreithnithe piaraí agus, ar deireadh, caiteachas poiblí níos éifeachtaí mar thoradh uirthi. Chun trédhearcacht a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit suíomhanna gréasáin cuimsitheacha a chur ar bun, ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal náisiúnta, ina mbeidh faisnéis achomair faoi gach beart cabhrach atá díolmhaithe faoin Rialachán seo. De rogha air sin, ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit an fhaisnéis achoimre maidir le gach beart cabhrach atá dhíolmhaithe i modúl an Choimisiúin maidir le trédhearcacht dámhachtana. Agus an cleachtas caighdeánach maidir le foilsiú faisnéise i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]) á leanúint, ba cheart formáid chaighdeánach a úsáid. Ba cheart leis an bhformáid sin a bheith in ann an fhaisnéis a chuardach, a íoslódáil agus a fhoilsiú go héasca ar an idirlíon. Ba cheart naisc chuig suíomhanna gréasáin na mBallstát uile maidir le státchabhair a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. I gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2022/2586, ba cheart faisnéis achomair maidir le gach beart cabhrach atá díolmhaithe faoin Rialachán seo a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

(36) Braitheann forfheidhmiú státchabhrach go mór ar chomhar ó na Ballstáit. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit na bearta uile is gá a dhéanamh chun comhlíontacht an Rialacháin seo a áirithiú, lena n-áirítear comhlíontacht na gcoinníollacha ábhartha uile ag cabhair aonair a dheonaítear faoi scéimeanna blocdhíolmhaithe.

(37) Chun faireachán éifeachtach ar bhearta cabhrach a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2586, is iomchuí ceanglais a leagan amach maidir le tuairisciú na mBallstát ar bhearta cabhrach atá díolmhaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo. Thairis sin, is iomchuí rialacha a leagan síos maidir leis na taifid ba cheart do na Ballstáit a choimeád ar an gcabhair atá díolmhaithe faoin Rialachán seo i bhfianaise na tréimhse teorann a leagtar amach in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle ([15]).

(38) Chun éifeachtacht na gcoinníollacha comhoiriúnachta a leagtar amach sa Rialachán seo a neartú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann tairbhe na blocdhíolúine a tharraingt siar don todhchaí i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha sin. Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann an tarraingt siar sin a theorannú do chineálacha áirithe cabhrach, do thairbhithe áirithe, nó do bhearta cabhrach a ghlac údaráis áirithe, i gcás nach mbaineann neamhchomhlíonadh an Rialacháin seo ach le grúpa teoranta beart nó le húdaráis áirithe. Le tarraingt siar spriocdhírithe den sórt sin, ba cheart go gcuirfí ar fáil leigheas comhréireach a bhainfeadh go díreach leis an neamhchomhlíonadh a sainaithníodh. I gcás nach dtugtar fógra faoi bheart cabhrach agus nach gcomhlíonann an beart sin na coinníollacha go léir lena dhíolmhú ó fhógra a thabhairt faoi, is cabhair neamhdhleathach é a bheidh le dul faoi scrúdú an Choimisiúin faoin nóis imeachta ábhartha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/1589 maidir le cabhair nach dtugtar fógra fúithi. níor cheart go ndéanfadh tarraingt siar thairbhe na blocdhíolúine i leith na todhchaí difear don fhíoras go raibh aon bheart roimhe seo a chomhlíonann an Rialachán seo blocdhíolmhaithe.

(39) Chun deireadh a chur le difríochtaí a bhféadfadh saobhadh ar an iomaíocht agus ar an trádáil a bheith mar thoradh orthu agus chun comhordú a éascú idir tionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais agus tionscnaimh náisiúnta éagsúla a bhaineann le FBManna, agus ar chúiseanna soiléireachta riaracháin agus deimhneachta dlíthiúla, ba cheart an sainmhíniú ar FBM de réir bhrí Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a bheith bunaithe ar an sainmhíniú atá i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún ([16]).

(40) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar an mbeartas státchabhrach ar bhonn thaithí an Choimisiúin sa réimse sin. Dá bhrí sin, ba cheart teorainn a bheith le tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Is iomchuí forálacha idirthréimhseacha a leagan síos lena rialálfar cóireáil scéimeanna cabhrach díolmhaithe ó dheireadh thréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar aghaidh. Leis na rialacha sin, ba cheart am a thabhairt do na Ballstáit iad féin a oiriúnú d'aon chóras a bheidh ann amach anseo,

([14]) Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1024/oj).

([15]) Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1589/oj).

([16]) Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA COITEANNA

Airteagal 1

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na catagóirí cabhrach seo a leanas:

(a) scéimeanna cabhrach oibriúcháin chun costais sheachtracha an iompair a laghdú;

(b) scéimeanna cabhrach oibriúcháin chun naisc thráchtála nua lasta iarnróid agus lasta uiscebhealaí intíre a sheoladh;

(c) scéimeanna cabhrach infheistíochta chun saoráidí seirbhíse iarnróid, saoráidí uiscebhealaí intíre, agus saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid nó uiscebhealaí intíre a thógáil, a uasghrádú agus a athnuachan, lena n-áirítear forstruchtúr calafoirt, fad atá an forstruchtúr atá i gceist suite i saoráid uiscebhealaí intíre nó i saoráid iompair ilmhódaigh a bhfuil nasc iarnróid nó uiscebhealaí intíre aici;

(d) scéimeanna cabhrach infheistíochta *ad hoc* chun críochfoirt lasta iarnróid nó uiscebhealaí intíre a thógáil, a uasghrádú agus a athnuachan;

(e) scéimeanna cabhrach infheistíochta chun taobhlaigh phríobháideacha a thógáil, a uasghrádú agus a athnuachan;

(f) scéimeanna cabhrach infheistíochta chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre;

(g) scéimeanna cabhrach infheistíochta chun Aonaid Luchtaithe Idirmhódúla agus craenacha a fháil ar bord soithí;

(h) scéimeanna cabhrach infheistíochta le haghaidh idir-inoibritheachta in earnálacha an iompair inbhuanaithe de thalamh;

(i) scéimeanna cabhrach infheistíochta le haghaidh oiriúnú agus nuachóiriú in earnálacha an iompair inbhuanaithe de thalamh.

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haon cheann de na catagóirí cabhrach seo a leanas:

(a) scéimeanna cabhrach nach n-eisiatar go sainráite leo cabhair aonair a íoc i bhfabhar gnóthas atá faoi réir ordú gnóthaithe gan íoc tar éis cinneadh roimhe sin ón gCoimisiún lena ndearbhaítear go bhfuil cabhair a dheonaigh an Ballstát céanna neamhdhleathach agus ar neamhréir leis an margadh inmheánach;

(b) cabhair *ad hoc* i bhfabhar gnóthas atá faoi réir ordú gnóthaithe gan íoc tar éis cinneadh roimhe sin ón gCoimisiún lena ndearbhaítear go bhfuil cabhair a dheonaigh an Ballstát céanna neamhdhleathach agus ar neamhréir leis an margadh inmheánach;

(c) cabhair atá ag brath ar úsáid earraí intíre thar earraí allmhairithe;

(d) cabhair do ghnóthais atá i gcruachás;

(e) bearta cabhrach a bhfuil sárú neamh-inscartha ar dhlí an Aontais i gceist leo féin, leis na coinníollacha a ghabhann leo nó lena modh maoiniúcháin, go háirithe:

(i) bearta cabhrach i gcás ina bhfuil deonú na cabhrach faoi réir na hoibleagáide atá ar an tairbhí a cheanncheathrú a bheith aige sa Bhallstát ábhartha nó é a bheith bunaithe sa Bhallstát sin den chuid is mó. Mar sin féin, ceadaítear an ceanglas bunaíocht nó brainse a bheith sa Bhallstát a dheonaíonn an chabhair tráth a dhéantar an chabhair a íoc;

(ii) cabhair a bhfuil a deonú faoi réir na hoibleagáide atá ar an tairbhí úsáid a bhaint as earraí a tháirgtear go náisiúnta nó as seirbhísí náisiúnta;

(f) cabhair le haghaidh comhlíonadh oibleagáidí áirithe is gné dhílis de choincheap seirbhíse poiblí iompair paisinéirí nó lasta;

(g) cabhair do bhonneagar calafoirt agus do bhonneagar rochtana calafoirt a ndéanann an Coimisiún measúnú uirthi go díreach faoi Airteagal 107(3)(c) den Chonradh, nó a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 651/2014;

(h) scéimeanna cabhrach dá dtagraítear i gCaibidil II den Rialachán seo má thagann siad faoi raon feidhme Airteagal 20 den Rialachán seo, ó 6 mhí tar éis teacht i bhfeidhm dóibh nó ó cibé dáta ina dhiaidh sin arna chinneadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 20(1) den Rialachán seo;

(i) aon athrú ar na scéimeanna dá dtagraítear i bpointe (h) seachas modhnuithe nach ndéanann difear do chomhoiriúnacht na scéime cabhrach faoin Rialachán seo nó nach ndéanann difear mór d'ábhar an phlean meastóireachta fhormheasta.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'earnálacha an iompair inbhuanaithe de thalamh' an earnáil iarnróid, earnáil na n-uiscebhealaí intíre agus iompar ilmhódach inbhuanaithe in earnáil an iompair de thalamh;

(b) ciallaíonn 'costais sheachtracha an iompair' na costais a ghineann úsáideoirí iompair agus nach n-íocann siad féin ach an tsochaí ina hiomláine, go háirithe costais a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, truailliú aeir, gortuithe agus básanna, torann agus brú tráchta;

(c) ciallaíonn 'scéim cabhrach' aon ghníomh ar féidir, gan bearta cur chun feidhme eile a cheangal, dámhachtainí cabhrach aonair a dhéanamh ar a bhonn do ghnóthais a shainmhínítear laistigh den ghníomh ar bhealach ginearálta teibí agus aon ghníomh ar féidir cabhair nach bhfuil nasctha le tionscadal sonrach a dheonú ar a bhonn do ghnóthas amháin nó níos mó ar feadh tréimhse éiginnte agus/nó le haghaidh méid éiginnte;

(d) ciallaíonn 'nasc lasta iarnróid tráchtála nua' nasc tráchtála a bhaineann le hoibríochtaí lasta iarnróid sceidealaithe nua idir dhá chríochfort lasta ar a laghad nach raibh nasctha go díreach le seirbhísí lasta iarnróid sceidealaithe ar feadh 3 bliana ar a laghad roimh thús na n-oibríochtaí ar an nasc áirithe sin;

(e) ciallaíonn 'nasc lasta uiscebhealaí intíre tráchtála nua' nasc tráchtála a bhaineann le hoibríochtaí lasta sceidealaithe nua ar uiscebhealaí intíre idir dhá chríochfort lasta ar a laghad nach raibh nasctha go díreach ag seirbhísí lasta uiscebhealaí intíre sceidealaithe ar feadh 3 bliana ar a laghad roimh thús na n-oibríochtaí ar an nasc áirithe sin;

(f) ciallaíonn 'críochfort lasta' struchtúr atá feistithe chun lasta a thrasloingsiú agus a stóráil go sealadach;

(g) ciallaíonn 'saoráid seirbhisí iarnróid' saoráid seirbhíse (mar shampla, críochfoirt lasta iarnróid nó saoráid chothabhála nó stórála) agus a bonneagar rochtana (lena n-áirítear an trealamh fisiceach nó digiteach is gá lena feidhmiú), atá lonnaithe laistigh den Aontas agus dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]), cé is moite de shaoráidí nó trealamh a bhaineann le saothrú gníomhaíochtaí neamh-iompair;

(h) ciallaíonn 'bonneagar rochtana' aon chineál bonneagair lena bhfuil gá chun a áirithiú go mbeidh rochtain ó thalamh nó ón muir agus ó abhainn ag úsáideoirí ar shaoráid iompair ilmhódaigh iarnróid nó uiscebhealaí intíre, nó ar shaoráid aonmhódúil seirbhíse iarnróid nó uiscebhealaí intíre, amhail bóithre, rianta iarnróid, cainéil agus loic, agus go mbeidh úsáideoirí in ann teacht isteach ar an talamh, ón muir agus ó abhainn;

(i) ciallaíonn 'saoráid uiscebhealaí intíre' saoráid seirbhísí (mar shampla críochfort lasta, nó saoráid chothabhála nó stórála) agus a bonneagar rochtana (lena n-áirítear an trealamh fisiceach nó digiteach is gá lena feidhmiú), atá lonnaithe laistigh den Aontas agus a úsáidtear chun iompar d'uiscebhealaí intíre a dhéanamh, cé is moite de shaoráidí nó de threalamh a bhaineann le saothrú gníomhaíochtaí neamh-iompair;

(j) ciallaíonn 'forstruchtúr calafoirt' socruithe dromchla (amhail le haghaidh stórála), trealamh seasta (amhail tradstórais agus foirgnimh chríochfoirt) agus trealamh soghluaiste (amhail craenacha) atá suite i gcalafort chun seirbhísí calafoirt a bhaineann le hiompar a sholáthar, fad atá an forstruchtúr atá i gceist suite i saoráid iompair ilmhódaigh a bhfuil nasc iarnróid nó uiscebhealaí intíre aici;

([17]) Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar iarnróid Eorpach aonair (IO L 343, 14.12.2012, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/34/oj).

(k) ciallaíonn ‘saoráid iompair ilmhódaigh ar iarnród nó ar uiscebhealach intíre’ saoráid seirbhíse, lena n-áirítear forstruchtúr calafoirt agus críochfoirt lasta iarnróid nó uiscebhealaí intíre, agus a bonneagar rochtana (lena n-áirítear an trealamh fisiceach nó digiteach is gá lena feidhmiú) atá lonnaithe laistigh den Aontas agus a bhfuil gá léi chun iompar d’iarnród nó d’uiscebhealach intíre a sholáthar i gcomhcheangal le modhanna eile iompair, cé is moite de shaoráidí nó trealamh a bhaineann le saothrú gníomhaíochtaí neamh-iompair;

(l) ciallaíonn ‘iompar ilmhódach’ iompar lasta nó paisinéirí ar dhá mhodh iompair éagsúla ar a laghad;

(m) ciallaíonn ‘cabhair *ad hoc*’ cabhair nach ndeonaítear ar bhonn scéim cabhrach;

(n) ciallaíonn ‘taobhlach príobháideach’ píosa bonneagair iarnróid atá faoi úinéireacht phríobháideach agus a oibrítear go príobháideach, lena n-áirítear rianta iarnróid agus aon suiteáil nó trealamh eile is gá chun é a dhéanamh feidhmiúil, agus atá nasctha le saoráidí luchtaithe an ghréasáin iarnróid phoiblí nach gcáilíonn mar shaoráidí seirbhíse faoi Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2012/34/AE, chomh maith le haon bhonneagar tiomnaithe a fhreastalaíonn ar phíosa bonneagair iarnróid atá faoi úinéireacht phríobháideach agus a oibrítear go príobháideach;

(o) ciallaíonn ‘bonneagar tiomnaithe’ bonneagar a thógtar le haghaidh gnóthas nó gnóthais inaitheanta *ex ante* agus atá curtha in oiriúint dá riachtanais;

(p) ciallaíonn ‘feithicil le haghaidh iompar d’iarnród nó d’uiscebhealaí intíre’:

(i) rothstoc; nó

(ii) soitheach uiscebhealaí intíre;

(q) ciallaíonn ‘rothstoc’ aon cheann díobh seo a leanas:

(i) innill fhéinghluaiste le haghaidh iompar lasta agus paisinéirí, agus rothstoc paisinéirí, lena n-áirítear aonaid tarraingthe teirmeacha nó leictreacha, traenacha paisinéirí teirmeacha nó leictreacha féinghluaiste, agus cóistí paisinéirí;

(ii) vaigíní lasta, lena n-áirítear feithiclí ar léibheann íseal atá deartha don ghréasán iomlán agus feithiclí atá deartha chun leoraithe a iompar;

(r) ciallaíonn ‘soitheach uiscebhealaí intíre’ soitheach le haghaidh iompar paisinéirí nó lasta atá beartaithe go heisiach nó go príomha le haghaidh loingseoireacht ar uiscebhealaí intíre nó in uiscí atá laistigh d’uiscí faoi fhothain nó gar dóibh, lena n-áirítear soithí a tógadh go speisialta chun conbhua a bhrúitear a thiomáint;

(s) ciallaíonn ‘fiontar meánchaipitlithe beag’ nó ‘FMB’ gnóthas a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo. Chun críche cabhrach atá bainteach le táirgí airgeadais a dtacaíonn Ciste InvestEU leo faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais do na blianta 2021 go 2027 ([18]), ciallaíonn ‘fiontar meánchaipitlithe beag’ nó ‘FMB’ gnóthas nach FBM é agus a bhfuil suas le 499 bhfostaí fostaithe aige;

(t) ciallaíonn ‘Aonad Luchtaithe Idirmhódúil’ coimeádán, cabhail shoghluaiste nó leathleantóir/mótarfheithicil a iompraíonn lasta de bhóthar nó cónasc feithiclí a úsáidtear le haghaidh iompar idirmhódúil;

(u) ciallaíonn ‘iompar idirmhódúil’ gluaiseacht lasta san aonad luchtaithe idirmhódúil céanna trí mhodhanna iompair comhleanúnacha gan an lasta féin a láimhseáil agus na modhanna n-athrú;

(v) ciallaíonn ‘soitheach muirghabhála’ soitheach seachas na cinn a sheolann go heisiach nó go príomha ar uiscebhealaí intíre nó ar uiscí laistigh d’uiscí faoi fhothain nó gar dóibh;

(w) ciallaíonn ‘gnóthas atá i gcruachás’ gnóthas atá i gcruachás mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014;

(x) ciallaíonn ‘trealamh le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe’ trealamh a mbaintear feidhm as le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe, amhail leathleantóirí iniompartha le craein, cé is moite de threalamh a úsáidtear le haghaidh na saoráidí;

(y) ciallaíonn ‘cabhair aonair’ (i) cabhair *ad hoc*; agus (ii) dámhachtainí cabhrach do thairbhithe aonair ar bhonn scéim cabhrach;

([18]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

(z) ciallaíonn ‘críochfort lasta iarnróid nó uiscebhealaí intíre’ críochfort lasta idir dhá chóras iarnróid éagsúla nó idir dhá mhodh iompair ar a laghad, ar iarnród nó uiscebhealaí intíre ceann amháin acu, agus a bhonneagar rochtana (lena n-áirítear an trealamh fisiciúil nó digiteach is gá chun é a fheidhmiú), atá suite laistigh den Aontas, amhail críochfoirt lasta i gcalafoirt intíre nó mhuirí, ar feadh uiscebhealaí intíre nó in aerfoirt nó ardáin lóistíochta ilmhódacha, cé is moite de shaoráidí nó trealamh a bhaineann le saothrú gníomhaíochtaí neamh-iompair;

(aa) ciallaíonn ‘infheistíocht chothromais’ caipiteal a sholáthar do ghnóthas, arna infheistiú go díreach nó go hindíreach mar mhalairt ar úinéireacht iomlán nó pháirteach ar an ngnóthas sin;

(bb) ciallaíonn ‘infheistíocht chuasachothromais’ cineál maoinithe atá aicmithe idir cothromas agus fiachas, agus ag a bhfuil riosca is airde ná fiachas sinsearach agus riosca is ísle ná gnáthchothromas agus a bhfuil a thoradh don sealbhóir bunaithe den chuid is mó ar bhrabúis nó caillteanais an spriocghnóthais fholuitigh agus atá neamhurraithe i gcás mainneachtana. Is féidir infheistíochtaí cuasachothromais a struchtúrú mar fhiachas, iad neamhurraithe agus fo-ordaithe, lena n-áirítear fiachas mezzanine, agus i gcásanna áirithe in-chomhshóite ina gcothromas, nó mar chothromas tosaíochta;

(cc) ciallaíonn ‘tús na n-oibreacha’ cibé acu is luaithe, tús na n-oibreacha tógála a bhaineann leis an infheistíocht nó an chéad ghealltanas ceangailteach ó thaobh dlí de chun trealamh a ordú nó, i gcás táthcheangal, an tráth a fhaightear na sócmhainní a bhaineann go díreach leis an mbunaíocht arna fáil;

(dd) ciallaíonn ‘scéim comharbachta fhioscach’ scéim i bhfoirm buntáistí cánach ar leagan leasaithe í de scéim a bhí ann roimhe sin i bhfoirm buntáistí cánach agus ar scéim í a chuirtear in ionad na scéime sin;

(ee) ciallaíonn ‘déine cabhrach’ méid comhlán na cabhrach arna shloinneadh mar chéatadán de na costais incháilithe, sula n-asbhaintear aon cháin nó muirear eile;

(ff) ciallaíonn ‘oibreoir iompair’ gnóthas a iompraíonn paisinéirí nó lasta in earnálacha an iompair inbhuanaithe de thalamh;

(gg) ciallaíonn ‘eagraí iompair’ gnóthas a eagraíonn iompar lasta agus, ar an gcaoi sin, a dhéanann rogha idir modhanna iompair;

(hh) ciallaíonn ‘iompair inbhuanaithe de thalamh’ iompar lasta nó paisinéirí ar iarnród, ar uiscebhealaí intíre nó ar iompar ilmhódach inbhuanaithe;

(ii) ciallaíonn ‘iompar de thalamh’ iompar lasta nó paisinéirí ar iarnród, ar uiscebhealaí intíre agus iompar de bhóthar;

(jj) ciallaíonn ‘loingseoireacht ghearrthurais’ gluaiseacht lasta agus/nó paisinéirí ar an bhfarraige idir calafoirt atá suite in uiscí geografacha Ballstáit nó roinnt Ballstát nó idir calafort atá suite in uiscí Ballstát agus calafort atá suite in uiscí tríú tír chomharsanachta a bhfuil imeallbhord farraige aici ar theorann uiscí Ballstáit amháin nó roinnt Ballstát ([19]);

(kk) ciallaíonn ‘iompar ilmhódach inbhuanaithe’ iompar lasta nó paisinéirí ar dhá mhodh iompair éagsúla ar a laghad i gcás inarb é iarnród nó uiscebhealaí intíre ceann amháin ar a laghad de na modhanna iompair a úsáidtear, nó i gcás ina gcomhcheanglaítear iompar de thalamh le loingseoireacht ghearrthurais san iompar ilmhódach;

(ll) ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí neamh-iompair’ seirbhísí tráchtála nach mbaineann le hiompair inbhuanaithe de thalamh, lena n-áirítear seirbhísí coimhdeacha do phaisinéirí, do sheoltóirí lasta nó do sholáthraithe seirbhíse eile, amhail oifigí, siopaí agus óstáin a ligean ar cíos;

(mm) ciallaíonn ‘TEN-T’ an gréasán dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2024/1679;

(nn) ciallaíonn ‘gnóthas iarnróid’ gnóthas iarnróid mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Threoir 2012/34/AE;

([19]) Airteagal 3, pointe (25), de Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

(oo) ciallaíonn 'iontrálaí nua' gnóthas iarnróid mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Threoir 2012/34/AE a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas araon:

(i) fuair sé ceadúnas de bhun Airteagal 17(3) de Threoir 2012/34/AE le haghaidh na deighleoige ábhartha den mhargadh níos lú ná 20 bliain sula ndeonaítear an chabhair;

(ii) níl sé nasctha, de réir bhrí Airteagal 3(3) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, le gnóthas iarnróid a fuair ceadúnas de bhun Airteagal 3(14) de Threoir 2012/34/AE roimh an 1 Eanáir 2010;

(pp) ciallaíonn 'fiontar beag agus meánmhéide' nó 'FBM' gnóthas a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(qq) Ciallaíonn 'Timpeallacht Eorpach seirbhísí faisnéise tráchta abhann' ardán leictreonach atá ina phointe rochtana aonair bunaithe ar fhaisnéis náisiúnta tráchta abhann lena soláthraítear seirbhísí teicniúla agus oibríochtúla d'úsáideoirí seirbhísí faisnéise tráchta abhann agus ina bhfuil naisc chuig tuairisciú leictreonach de réir an phrionsabail 'aon-uaire', lena n-áirithítear nach soláthraíonn saoránaigh agus gnólachtaí sonraí do riaracháin phoiblí ach aon uair amháin;

(rr) ciallaíonn 'feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lasta' feidhmchláir amhail córais faisnéise (faireachán fíor-ama ar lasta agus ar thraenacha), córais chogairsithe agus leithdháilte, córais áirithinte, íocaíochta agus sonrasctha, agus feidhmchláir lena mbainistítear naisc le modhanna eile iompair agus lena dtáirgtear doiciméad leictreonach a ghabhann leo;

(ss) Ciallaíonn 'clár Eorpach feithiclí' clár de bhun Airteagail 22(1) agus 47(5) de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]).

Airteagal 3

Coinníollacha maidir le díolúine

Measfar go bhfuil scéimeanna cabhrach, cabhair aonair a dheonaítear faoi scéimeanna cabhrach agus cabhair *ad hoc* comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 93 den Chonradh agus díolmhófar ón gceanglas fógra atá in Airteagal 108(3) den Chonradh iad ar choinníoll go gcomhlíonann an chabhair sin na coinníollacha ginearálta uile a leagtar síos i gCaibidil I agus na coinníollacha sonracha maidir leis an gcatagóir ábhartha cabhrach a leagtar síos i gCaibidil II den Rialachán seo.

Airteagal 4

Tairseacha fógartha

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo i gcás ina sárófar na tairseacha seo a leanas arna sloinneadh i dtéarmaí uasmhéideanna cabhrach:

(a) i gcás cabhair oibriúcháin aonair chun naisc thráchtála nua a dheonaítear faoi scéim a sheoladh: EUR 15 mhilliún in aghaidh an naisc;

(b) i gcás cabhair infheistíochta aonair a dheonaítear faoi scéim chun saoráidí seirbhísí iarnróid, saoráidí uiscebhealaí intíre agus saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid nó uiscebhealaí intíre a thógáil, a uasghrádú agus a athnuachan: EUR 30 milliún in aghaidh an tionscadail;

(c) i gcás cabhair infheistíochta *ad hoc* chun críochfoirt lasta iarnróid nó uiscebhealaí intíre a thógáil, a uasghrádú agus a athnuachan: EUR 10 milliún in aghaidh an tionscadail;

(d) i gcás cabhair infheistíochta aonair a dheonaítear faoi scéim le haghaidh taobhlaigh phríobháideacha: EUR 4 mhilliún in aghaidh an tionscadail.

([20]) Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj).

Airteagal 5

Trédhearcacht na cabhrach

1. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach amháin maidir le cabhair a fhéadfar a ríomh go beacht i dtéarmaí a coibhéise deontais chomhláin *ex ante* gan gá le measúnú riosca a dhéanamh ('cabhair thrédhearcach').

2. Measfar gur cabhair thrédhearcach iad na catagóirí cabhrach seo a leanas:

(a) cabhair ar deontais agus fóirdheontais úis í;

(b) cabhair ab éard atá inti iasachtaí ina ríomhtar an choibhéis deontais chomhláin ar bhonn an ráta tagartha atá i bhfeidhm tráth an deontais, mar a leagtar síos sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú ar an modh chun na rátaí tagartha agus lascaine a shocrú ([21]);

(c) cabhair i bhfoirm buntáistí cánach agus tobhaigh laghdaithe i gcás ina ndéantar foráil leis an mbeart maidir le caidhp lena n-áirithítear nach sáraítear an tairseach is infheidhme;

(d) cabhair i bhfoirm infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí cuasachothromais i gcás ina meastar gurb é atá sa choibhéis deontais chomhláin méid ainmniúil na n-infheistíochtaí sin;

(e) cabhair ar ráthaíochtaí í má chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) rinneadh an choibhéis deontais chomhláin a ríomh ar bhonn préimheanna cuanta sábháilte a leagtar síos i bhfógra ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh maidir le státchabhair i bhfoirm ráthaíochtaí;

(ii) sula gcuirtear an beart chun feidhme, tá glactha leis an modheolaíocht chun coibhéis deontais chomhláin na ráthaíochta a ríomh ar bhonn Fógra ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh maidir le státchabhair i bhfoirm ráthaíochtaí, tar éis fógra faoin modheolaíocht sin a thabhairt don Choimisiún, agus tugtar aghaidh leis an modheolaíocht fhormheasta go sainráite ar an gcineál ráthaíochta agus ar an gcineál idirbhirt fholuitigh atá i gceist i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an Rialacháin seo;

(iii) deonaítear an chabhair chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó iompar d'uiscebhealaí intíre i bhfoirm ráthaíochtaí i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 14 den Rialachán seo.

Airteagal 6

Éifeacht dreasachta

1. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach amháin maidir le cabhair a bhfuil éifeacht dreasachta aici.

2. Measfar go bhfuil éifeacht dreasachta ag cabhair má tá iarratas i scríbhinn ar an gcabhair curtha isteach ag an tairbhí chuig an mBallstát lena mbaineann sula gcuirtear tús leis an obair ar an tionscadal nó leis an ngníomhaíocht. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san iarratas ar chabhair:

(a) ainm agus méid an ghnóthais;

(b) tuairisc ar an tionscadal nó ar an ngníomhaíocht, lena n-áirítear an dáta tosaithe agus an dáta críochnaithe;

(c) suíomh an tionscadail nó na gníomhaíochta;

(d) liosta de chostais an tionscadail nó na gníomhaíochta;

(e) an cineál cabhrach (deontas, iasacht, ráthaíocht, airleacan in-aisíoctha nó eile) agus an méid cistiúcháin phoiblí is gá le haghaidh an tionscadail nó na gníomhaíochta.

([21]) IO C 14, 19.1.2008, lch. 6.

3. Measfar go bhfuil éifeacht dreasachta ag cabhair *ad hoc* a dheonaítear d'fhiontair mhóra más rud é, anuas ar a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i mír 2, go bhfuil fíoraithe ag an mBallstát, sula ndeonaítear an chabhair lena mbaineann, go leagtar amach sa doiciméadacht a d'ullmhaigh an tairbhí go mbeidh ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas mar thoradh ar an gcabhair:

(a) méadú ábhartha ar raon feidhme an tionscadail nó na gníomhaíochta;

(b) méadú ábhartha ar an méid iomlán a chaithfidh an tairbhí ar an tionscadal nó ar an ngníomhaíocht;

(c) méadú ábhartha ar luas chur i gcrích an tionscadail nó na gníomhaíochta.

4. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3, measfar go bhfuil éifeacht dreasachta le bearta i bhfoirm buntáistí cánach má chomhlíontar na coinníollacha carnacha seo a leanas:

(a) leis an mbeart, bunaítear ceart chun cabhrach i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus gan lánrogha an Bhallstáit a fheidhmiú a thuilleadh;

(b) tá an beart glactha agus tá sé i bhfeidhm sula gcuirtear tús leis an obair ar an tionscadal nó ar an ngníomhaíocht dá dtugtar cabhair, seachas i gcás scéimeanna comharbachta cabhrach ar choinníoll go raibh an tionscadal nó an ghníomhaíocht cumhdaithe cheana féin leis na scéimeanna a bhí ann roimhe sin i bhfoirm buntáistí cánach.

5. De mhaolú ar mhíreanna 2, 3 agus 4, measfar go mbeidh éifeacht dreasachta ag cabhair chun costais sheachtracha an iompair a laghdú i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 10.

Airteagal 7

Déine cabhrach agus costais incháilithe

1. Chun críoch déine cabhrach agus costais incháilithe a ríomh, úsáidfear na figiúirí uile arb ann dóibh sula n-asbhainfear aon cháin nó aon mhuirir eile. Mar sin féin, ní dhéanfar cáin bhreisluacha a ghearrtar ar chostais nó speansais incháilithe agus atá in-aisíoctha faoin dlí cánach náisiúnta is infheidhme a chur san áireamh chun déine cabhrach agus costais incháilithe a ríomh. Beidh fianaise dhoiciméadach atá soiléir, sonrach agus cothrom le dáta ann le tacú leis na costais incháilithe. Féadfar méideanna na gcostas incháilithe a ríomh i gcomhréir le roghanna costais simplithe, ar choinníoll go maoinítear oibríocht go páirteach ar a laghad trí chiste de chuid an Aontais lena gceadaítear roghanna costais simplithe a úsáid agus go bhfuil an chatagóir costas incháilithe faoi na forálacha ábhartha. I gcásanna den sórt sin, beidh feidhm ag na roghanna costais simplithe dá bhforáiltear sna rialacha ábhartha is infeidhme maidir le ciste an Aontais.

2. I gcás tionscadail a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna bhformheas ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]), féadfar méideanna na gcostas incháilithe a ríomh freisin i gcomhréir le roghanna costas simplithe a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]) nó i Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([24]).

3. I gcás ina ndeonaítear cabhair i bhfoirm nach deontas í, beidh an méid cabhrach comhionann le coibhéis deontais chomhláin na cabhrach.

([22]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

([23]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1303/oj).

([24]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

4. An chabhair is iníoctha amach anseo, lena n-áirítear cabhair is iníoctha i roinnt tráthchodanna, déanfar í a lascainiú go dtí a luach tráth a dheonaítear í. Déanfar na costais incháilithe a lascainiú go dtí a luach tráth a dheonaítear an chabhair. Is é an ráta úis atá le húsáid chun críoch lascainithe an ráta lascaine is infheidhme tráth a dheonaítear an chabhair, mar a leagtar síos sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an athbhreithniú ar an modh chun na rátaí tagartha agus lascaine a shocrú ([25]).

Airteagal 8

Carnadh

1. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le cé acu a urramaítear nó nach n-urramaítear na tairseacha fógartha a leagtar amach in Airteagal 4 agus na huasteorainneacha cabhrach a leagtar amach i gCaibidil II, déanfar méid iomlán na státchabhrach le haghaidh na gníomhaíochta nó an tionscadail nó an ghnóthais dá dtugtar cabhair, mar is infheidhme de réir an chineáil cabhrach, a chur san áireamh.

2. I gcás ina ndéantar cistiú ón Aontas atá á bhainistiú go lárnach ag institiúidí, gníomhaireachtaí, comhghnóthais nó comhlachtaí eile de chuid an Aontais, nach bhfuil faoi rialú díreach nó indíreach an Bhallstáit, a chomhcheangal le státchabhair, ní chuirfear san áireamh ach an státchabhair chun a chinneadh cé acu a urramaítear nó nach n-urramaítear tairseacha fógartha agus uasteorainneacha cabhrach nó uasmhéideanna cabhrach, ar choinníoll nach sáraíonn méid iomlán an chistithe phoiblí a dheonaítear i ndáil leis na costais incháilithe chéanna an ráta cistiúcháin is fabhraí a leagtar síos i ndlí an Aontais.

3. Cabhair a dhíolmhaítear leis an Rialachán seo agus a bhfuil costais incháilithe inaitheanta aici, féadfar í a charnadh leis na nithe seo a leanas:

(a) aon státchabhair eile, ar choinníoll go mbaineann an chabhair sin le costais incháilithe inaitheanta nach ionann iad agus na costais a dhíolmhaítear leis an Rialachán seo;

(b) aon státchabhair eile i ndáil leis na costais incháilithe chéanna, bídís ag forluí go páirteach nó go hiomlán ar a chéile, ar choinníoll nach é a bheidh mar thoradh ar an gcarnadh sin go sárófar an déine cabhrach is airde ná an méid cabhrach is airde is infheidhme faoin Rialachán seo;

(c) aon chabhair *de minimis* i leith na gcostas incháilithe céanna leis an gcabhair a dhíolmhaítear leis an Rialachán seo, ar choinníoll nach é a bheidh mar thoradh ar an gcarnadh sin go sárófar an déine cabhrach is airde ná an méid cabhrach is airde is infheidhme maidir leis an gcabhair sin faoin Rialachán seo;

(d) aon státchabhair eile gan costais incháilithe in-sainaitheanta, go háirithe aon chabhair gan costais incháilithe in-sainaitheanta atá díolmhaithe le Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 nó aon chabhair *de minimis* gan costais incháilithe in-sainaitheanta.

Airteagal 9

Foilsiú agus faisnéis

1. Áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go bhfoilseofar na gnéithe seo a leanas i modúl an Choimisiúin maidir le trédhearcacht dámhachtana ([26]) nó ar shuíomh gréasáin cuimsitheach státchabhrach ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach:

(a) an fhaisnéis achomair dá dtagraítear in Airteagal 19 san fhormáid chaighdeánaithe a leagtar síos in Iarscríbhinn II, nó nasc lena dtugtar rochtain ar an bhfaisnéis sin;

(b) téacs iomlán gach birt cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 19, nó nasc lena dtugtar rochtain iomlán ar an téacs iomlán;

(c) an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn III maidir le gach dámhachtain cabhrach aonair is mó ná EUR 100 000.

2. Eagróidh na Ballstáit a suíomhanna gréasáin cuimsitheacha maidir le státchabhair, ar bhealach lena dtabharfar rochtain éasca ar an bhfaisnéis sin, dá dtagraítear in Iarscríbhinn III.

([25]) IO C 14, 19.1.2008, lch. 6.

([26]) Cuardach poiblí maidir le trédhearcacht na státchabhrach, le fáil ag: https://webgate.ec.europa.eu/competition/transparency/public?lang=ga.

3. Maidir le scéimeanna cabhrach i bhfoirm buntáistí cánach, measfar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 a bheith comhlíonta má fhoilsíonn na Ballstáit an fhaisnéis is gá maidir le méideanna cabhrach aonair sna réimsí seo in EUR milliúin:

0,1–0,5;

0,5–1;

1 go 2;

2 go 5;

5 go 10;

10 go 20;

20 go 50;

50 agus níos mó ná sin.

4. Foilseoidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), ar bhealach eagraithe, inrochtana agus caighdeánaithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III, agus soláthróidh siad feidhmeanna cuardaigh agus íoslódála éifeachtacha. Foilseoidh na Ballstáit an fhaisnéis sin laistigh de 6 mhí ón dáta a deonaíodh an chabhair nó, i gcás cabhair i bhfoirm buntáistí cánach, laistigh d'aon bhliain amháin ón dáta atá an dearbhú cánach dlite. Beidh an fhaisnéis ar fáil ar feadh 10 mbliana ar a laghad ón dáta a deonaíodh an chabhair.

5. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin:

(a) na naisc chuig na suíomhanna gréasáin maidir le státchabhair dá dtagraítear i mír 1;

(b) an fhaisnéis achomair dá dtagraítear in Airteagal 19.

CAIBIDIL II

FORÁLACHA SONRACHA LE hAGHAIDH CATAGÓIRÍ ÉAGSÚLA CABHRACH

ROINN 1

Cabhair oibriúcháin

Airteagal 10

Cabhair chun costais sheachtracha an iompair a laghdú

1. Beidh scéimeanna cabhrach oibriúcháin chun costais sheachtracha an iompair a laghdú comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 93 den Chonradh agus díolmhófar ón gceanglas fógra atá in Airteagal 108(3) den Chonradh iad ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus i gCaibidil I.

2. Oibríochtaí iompair paisinéirí agus lasta ar iarnród, ar uiscebhealaí intíre nó ar iompar ilmhódach inbhuanaithe, beidh siad incháilithe do chabhair. Ní mór an chabhair a dheonú d'oibreoirí iompair nó d'eagraithe iompair a roghnaíonn réitigh inbhuanaithe iompair de thalamh.

3. Is éard a bheidh sna costais incháilithe an chuid de chostais sheachtracha an iompair a sheachnaítear le húsáid an iompair ar iarnród, ar uiscebhealaí intíre nó ar loingseoireacht ghearrthurais a úsáidtear i gcomhthéacs an iompair ilmhódaigh inbhuanaithe seachas modhanna iompair iomaíocha eile nach bhfuil chomh hinbhuanaithe céanna. Déanfar na costais sheachtracha a seachnaíodh a ríomh i gcomhréir leis na rialacha agus leis an modheolaíocht a leagtar amach i Lámhleabhar an Choimisiúin maidir le costais sheachtracha an iompair, arna leasú nó arna n-ionadú ([27]).

([27]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, Essen, H., Fiorello, D., El Beyrouty, K. et al., *Handbook on the external costs of transport* [Lámhleabhar maidir le costais sheachtracha an iompair] – Leagan 2019 – 1.1, Oifig na bhFoilseachán an Aontais Eorpaigh, 2020, https://data.europa.eu/doi/10.2832/51388.

4. Déanfar na costais incháilithe a ríomh tríd (i) an difríocht sna costais seachtracha in aghaidh an ciliméadar paisinéara, an ciliméadar tona nó an ciliméadar feithicle (nó aonaid eile iompair a sholáthraítear i Lámhleabhar an Choimisiúin) idir an modh iompair dá dtugtar tacaíocht agus an rogha mhalartach nach bhfuil chomh hinbhuanaithe céanna a iolrú faoi (ii) méid iomlán an aonaid chéanna sin a bhaineann na tairbhithe amach thar an tréimhse ina tabhaíodh na costais incháilithe. Féadfaidh na Ballstáit modheolaíocht na gcostas seachtrach a úsáid chun aon chostas oibriúcháin a chumhdach, lena n-áirítear costais oibriúcháin a bhaineann le húsáid bonneagair.

5. Níor cheart an déine cabhrach 60 % de na costais incháilithe a shárú.

6. Ní mór an chabhair a dheonú ar bhonn aonaid iarbhír seirbhíse iompair a sholáthraítear, arna sloinneadh i gciliméadair feithicle, ciliméadair paisinéara le haghaidh seirbhísí iompair paisinéirí, ciliméadair tona le haghaidh seirbhísí iompair lasta, nó aonaid iompair eile a sholáthraítear i Lámhleabhar an Choimisiúin, agus ní ar bhonn cnapshuime.

7. An chabhair a dheonaítear d'oibreoirí iompair agus d'eagraithe iompair, ní mór a bheith d'éifeacht acu laghdú ar an aistriú chuig modhanna iompair inbhuanaithe de thalamh a chosc nó an t-aistriú sin a mhéadú. Chuige sin, cuirfidh na tairbhithe an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar fáil go poiblí:

(a) an t-údarás deonaithe;

(b) an dáta a deonaíodh an chabhair;

(c) na méideanna cabhrach a fuarthas;

(d) an tréimhse agus na hoibríochtaí a chumhdaítear leis an gcabhair.

Airteagal 11

Cabhair chun naisc thráchtála nua lasta iarnróid agus lasta uiscebhealaí intíre a sheoladh

1. Scéimeanna cabhrach chun naisc thráchtála nua lasta iarnróid agus naisc thráchtála nua lasta uiscebhealaí intíre a sheoladh, beidh siad comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 93 den Chonradh agus díolmhófar ón gceanglas fógra atá in Airteagal 108(3) den Chonradh iad ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus i gCaibidil I.

2. Ní mór an chabhair a dheonú d'oibreoirí nó d'eagraithe iompair a bhailíonn éileamh agus a eagraíonn oibríochtaí lasta sceidealaithe idir críochfoirt lasta iarnróid nó uiscebhealaí intíre chun naisc thráchtála nua lasta iarnróid agus lasta uiscebhealaí intíre a sheoladh.

3. Is éard a bheidh sna costais incháilithe na caillteanais oibriúcháin arna dtabhú i leith an naisc lena mbaineann, go ceann tréimhse uasta 5 bliana ón dáta a thosaíonn an tairbhí an naisc tráchtála nua a oibriú.

4. Na costas oibriúcháin a bhaineann le seoladh féideartha an naisc nua agus roimh an seoladh sin, amhail staidéir ullmhúcháin nó féidearthachta, beidh siad incháilithe freisin. Má sheoltar an nasc tráchtála nua, cuimseofar na costais oibriúcháin sin sna costais incháilithe le haghaidh chéad bhliana oibriúcháin an naisc trádála nua. Mura seoltar an nasc tráchtála nua, measfar go bhfuil na costais oibriúcháin sin incháilithe ar feadh tréimhse suas le bliain amháin ón dáta ar tabhaíodh iad sa chéad áit.

5. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'caillteanais oibriúcháin' difríocht dhiúltach idir na hioncaim agus na costais oibriúcháin a thabhaítear i leith an naisc lena mbaineann, chomh maith le costais oibriúcháin na n-oibreacha a bhaineann le seoladh an naisc tráchtála nua agus a bhí ann roimhe sin. Na costais incháilithe a leithdháilfear ar an nasc tráchtála nua, cumhdóidh siad na costais oibriúcháin dhíreacha uile a tabhaíodh in oibriú an naisc tráchtála nua mar aon le ranníocaíocht iomchuí le costais oibriúcháin is coiteann don nasc tráchtála nua agus do ghníomhaíochtaí eile araon. An t-ioncam iomlán a bheidh le cur san áireamh, cuimseoidh sé an t-ioncam iomlán arna thuilleamh ón nasc tráchtála nua, lena n-áirítear aon chabhair oibriúcháin a fuarthas chun costais sheachtracha an iompair a laghdú.

6. Níor cheart an déine cabhrach 80 % de na costais incháilithe a shárú sa chéad bhliain, 70 % de na costais incháilithe a shárú sa dara bliain, 60 % de na costais incháilithe a shárú sa tríú bliain, 50 % de na costais incháilithe a shárú sa cheathrú bliain agus 40 % de na costais incháilithe a shárú sa chúigiú bliain.

7. Ní fhéadfar an chabhair a íoc roimh ré ach amháin má íoctar amach go bliantúil í, i.e. ag tús gach tréimhse bliana. I gcás ina n-íoctar an chabhair roimh ré, déanfar meastachán *ex ante* ar na costais incháilithe ar bhonn réamh-mheastacháin réasúnta, agus déanfar iad a lascainiú go dtí a luach tráth a dheonaítear an chabhair.

8. Ní mór do na Ballstáit sásra faireacháin agus aisghlámtha a chur i bhfeidhm chun a áirithiú nach sáróidh an chabhair an déine cabhrach atá ceadaithe dá dtagraítear i mír 6.

ROINN 2

Cabhair infheistíochta

Foroinn A

Cabhair infheistíochta le haghaidh saoráidí seirbhíse iarnróid agus saoráidí uiscebhealaí intíre aonmhódúla agus ilmhódacha agus le haghaidh taobhlaigh phríobháideacha

Airteagal 12

Cabhair chun saoráidí iarnróid agus saoráidí uiscebhealaí intíre aonmhódúla agus ilmhódacha a thógáil, a uasghrádú agus a athnuachan

1. Beidh cabhair chun saoráidí seirbhísí iarnróid, saoráidí uiscebhealaí intíre agus saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid nó uiscebhealaí intíre a thógáil, a uasghrádú agus a athnuachan (lena n-irítear iad a ionadú), comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 93 den Chonradh agus díolmhófar í ón gceanglas fógra atá in Airteagal 108(3) den Chonradh ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus i gCaibidil I.

2. Ní mór an chabhair a dheonú d'úinéirí nó d'oibreoirí saoráide seirbhíse iarnróid, saoráide uiscebhealaí intíre nó saoráide iompair ilmhódaigh ar iarnród nó ar uiscebhealaí intíre a dhéanann an tsaoráid sin a thógáil, a uasghrádú nó a athnuachan ar bhonn scéimeanna, ach amháin cabhair le haghaidh tógáil, uasghrádú agus athnuachan críochfoirt lasta iarnróid nó uiscebhealaí intíre, ar cabhair í is féidir a dheonú freisin mar chabhair *ad hoc*. I gcás ina ndeonaítear cabhair *ad hoc* ní mór an t-éileamh féideartha measta ar acmhainneacht, sa mheántéarma ar a laghad, a bheith níos mó ná acmhainneacht chomhcheangailte na saoráide dá dtugtar cabhair agus na saoráidí eile atá ann cheana nó atá beartaithe cheana a d'fhéadfadh a bheith ina roghanna malartacha go réasúnach ar an tsaoráid dá dtugtar cabhair.

3. Is éard a bheidh sna costais incháilithe na costais infheistíochta i sócmhainní inláimhsithe (seasta agus sochorraithe) agus doláimhsithe a bhaineann go díreach le tógáil, uasghrádú nó athnuachan na saoráide ábhartha. Áireofar ar na costais infheistíochta socruithe dromchla (amhail le haghaidh stórála), trealamh seasta (amhail stórais agus foirgnimh chríochfoirt), trealamh a úsáidtear le haghaidh oibriú na saoráide (amhail cruachadóirí rochtana) atá lonnaithe sa tsaoráid agus trealamh TF agus digiteach agus bogearraí chun seirbhísí a bhaineann le hiompar a sholáthar. Beidh na costais a eascraíonn as staidéir féidearthachta agus thoipeolaíocha, chomh maith le costais phleanála agus suiteála, incháilithe freisin.

4. Ní bheidh costais a bhaineann le gníomhaíochtaí neamh-iompair incháilithe.

5. Níor cheart an méid cabhrach an tairseach is ísle de na tairseacha seo a leanas a shárú:

(a) an difríocht idir na costais incháilithe ar thaobh amháin, agus ar an taobh eile, suim bhrabús oibriúcháin lascainithe na hinfheistíochta thar a saolré eacnamaíoch agus luach intreach lascainithe na hinfheistíochta sin (luach iarmharach ag deireadh shaolré eacnamaíoch na hinfheistíochta). Áireofar sa bhrabús oibriúcháin lascainithe freisin na glanbhrabúis oibriúcháin incriminteacha arna nginiúint ag gníomhaíochtaí neamh-iompair atá nasctha leis na gníomhaíochtaí iompair atá le déanamh sa tsaoráid lena mbaineann (amhail spásanna tráchtála atá lonnaithe sa tsaoráid a ligean ar cíos). Asbhainfear an brabús oibriúcháin lascainithe agus an luach intreach ó na costais incháilithe *ex ante*, ar bhonn réamh-mheastacháin réasúnta, nó *ex post* trí shásra aisghlámtha. Leis an méid cabhrach, d'fhéadfaí brabús réasúnta a dhéanamh. Déanfar an brabús réasúnta a chinneadh maidir leis an ngnáthbhrabús le haghaidh na hearnála agus an cineál tionscadail lena mbaineann. In aon chás, cóimheas toradh ar chaipiteal nach mó é ná an ráta babhtála móide biseach de 100 bonnphointe, measfar é a bheith réasúnta;

(b) 50 % de na costais incháilithe.

6. De mhaolú ar mhír 5, i gcás cabhair nach mó í ná EUR 5 mhilliún in aghaidh an tionscadail, ní mór an chabhair a dheonú ag uasteorainn cabhrach suas le 50 % de na costais incháilithe.

7. Féadfar an déine cabhrach a mhéadú suas le 10 bpointe céatadáin i gcás saoráidí atá lonnaithe feadh TEN-T.

8. Ní mór rochtain ar an tsaoráid dá dtugtar cabhair a bheith oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach agus ní mór í a sholáthar do gach úsáideoir leasmhar i gcomhréir le reachtaíocht earnála, lena n-áirítear Treoir 2012/34/AE.

9. Aon lamháltas nó aon ní eile a thugtar do thríú páirtí chun an tsaoráid dá dtugtar cabhair a thógáil, a uasghrádú, a oibriú nó a fháil ar cíos, ní mór é a shannadh ar bhonn iomaíoch, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus neamhchoinníollach.

10. Nuair is cuid den fhiontar céanna úinéir, oibreoir agus aon úsáideoir deiridh réamh-mheasta na saoráide dá dtugtar cabhair nó nuair is fiontair nasctha iad de réir bhrí Iarscríbhinn I, ní mór oibriú na saoráide a dhámhachtain ar bhonn nós imeachta atá oscailte, iomaíoch, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, a mbeidh cead ag na fiontair nasctha, más ann dóibh, páirt a ghlacadh ann. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le cabhair chun saoráidí seirbhíse iarnróid, saoráidí uiscebhealaí intíre nó saoráidí ilmhódaigh iarnróid nó uiscebhealaí intíre a uasghrádú, i gcás nach mó costais infheistíochta an uasghrádaithe thar tréimhse 5 bliana ar a laghad ná 10 % de luach na hinfheistíochta tosaigh.

Airteagal 13

Cabhair chun taobhlaigh phríobháideacha a thógáil, a uasghrádú agus a athnuachan

1. Scéimeanna cabhrach chun taobhlaigh phríobháideacha a thógáil, a uasghrádú nó a athnuachan (lena n-áirítear iad a ionadú), beidh siad comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 93 den Chonradh agus díolmhófar ón gceanglas fógra atá in Airteagal 108(3) den Chonradh iad ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus i gCaibidil I.

2. Ní mór an chabhair a dheonú d'úinéir nó d'oibreoir taobhlaigh phríobháidigh a dhéanann taobhlach príobháideach a thógáil, a uasghrádú nó a athnuachan.

3. Is éard a bheidh sna costais incháilithe na costais infheistíochta sna sócmhainní ar fad a bhaineann go díreach le tógáil, uasghrádú agus athnuachan an taobhlaigh phríobháidigh. Beidh staidéir féidearthachta agus thoipeolaíocha, agus costais phleanála agus suiteála incháilithe freisin. Costais ardán luchtaithe/díluchtaithe agus trealamh a mbaintear feidhm as le haghaidh oibríochtaí ar an taobhlach príobháideach, beidh siad incháilithe freisin ar choinníoll go bhfaightear na hardáin agus an trealamh sin chun traenacha a luchtú agus a dhíluchtú ar na taobhlaigh phríobháideacha.

4. Níor cheart an méid cabhrach an tairseach is ísle de na tairseacha seo a leanas a shárú:

(a) an difríocht idir na costais incháilithe ar thaobh amháin, agus ar an taobh eile, suim bhrabús oibriúcháin lascainithe na hinfheistíochta thar a saolré eacnamaíoch agus luach intreach lascainithe na hinfheistíochta sin (luach iarmharach ag deireadh shaolré eacnamaíoch na hinfheistíochta). Asbhainfear an brabús oibriúcháin lascainithe agus an luach intreach ó na costais incháilithe *ex ante*, ar bhonn réamh-mheastacháin réasúnta, nó *ex post* trí shásra aisghlámtha. Leis an méid cabhrach, d'fhéadfaí brabús réasúnta a dhéanamh. Déanfar an brabús réasúnta a chinneadh maidir leis an ngnáthbhrabús le haghaidh na hearnála agus an cineál tionscadail lena mbaineann. In aon chás, cóimheas toradh ar chaipiteal nach mó é ná an ráta babhtála móide biseach de 100 bonnphointe, measfar é a bheith réasúnta;

(b) 50 % de na costais incháilithe.

5. De mhaolú ar mhír 4, i gcás cabhair nach mó í ná EUR 2,5 milliún in aghaidh an tionscadail, ní mór an chabhair a dheonú ag uasteorainn cabhrach suas le 50 % de na costais incháilithe.

Foroinn B

Cabhair infheistíochta chun feithiclí le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre agus trealamh le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe a fháil

Airteagal 14

Cabhair chun feithiclí le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre a fháil

1. Scéimeanna cabhrach infheistíochta lena dtacaítear le feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre, beidh siad comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 93 den Chonradh agus díolmhófar ón gceanglas fógra atá in Airteagal 108(3) den Chonradh iad, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus i gCaibidil I.

2. Is éard a bheidh sna costais incháilithe na costais infheistíochta uile a bhaineann le feithiclí nua nó athláimhe a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre, glan ar aon chabhair eile a fhaightear. Féadfar a áireamh ar na costais sin, go háirithe, praghas na feithicle agus costais seachadta. Beidh costais staidéar dearaidh, comhairliúcháin nó innealtóireachta incháilithe ar choinníoll go bhfuil siad nasctha leis na hinfheistíochtaí dá dtagraítear san Airteagal seo agus go bhfuil siad ina gcuid de na hinfheistíochtaí sin. Ní bheidh soithí arna dtógáil go speisialta chun oibríochtaí tarraingthe a dhéanamh (tugaí) incháilithe le haghaidh tacaíochta.

3. Ní mór an chabhair a dheonú do:

(a) iontrálaithe nua san earnáil iarnróid; nó

(b) gnóthais iarnróid, oibreoirí iompair uiscebhealaí intíre nó gnóthais léasaithe in earnálacha na n-iarnród agus na n-uiscebhealaí intíre, ar choinníoll go gcáilíonn na gnóthais agus na hoibreoirí sin mar FBManna nó FMBanna.

4. Ní mór an chabhair a bheith i bhfoirm ráthaíochta do cheannaitheoir na feithicle le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre. Ní mór ráthaíochtaí a sholáthar go díreach do thairbhithe deiridh nó d'institiúidí creidmheasa agus d'institiúidí airgeadais eile mar idirghabhálaithe airgeadais, fad a choinníonn an tairbhí saor-rogha an idirghabhálaí airgeadais. Ní mór don idirghabhálaí airgeadais a bheith in ann a léiriú go n-oibríonn sé sásra lena n-áirithítear go gcuirtear na buntáistí ar aghaidh a mhéid is féidir chuig na tairbhithe deiridh i bhfoirm méideanna maoiniúcháin níos airde, punanna a bhfuil riosca níos mó ag baint leo, ceanglais chomhthaobhachta níos ísle, nó rátaí úis níos ísle ná mar a bheadh ann gan ráthaíochtaí poiblí den sórt sin.

5. Ní mór an ráthaíocht a sholáthar ar iasachtaí aonair nua chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre. Níor cheart méid ainmniúil na hiasachta foluití na costais incháilithe a shárú. Níor cheart cumhdach na ráthaíochta 80 % den iasacht fholuiteach a shárú. Soláthrófar ráthaíochtaí poiblí in aghaidh táille 50 bonnphointe ar a laghad más ionann rátáil an Bhallstáit deonaithe maidir le creidmheas ceannasach agus AAA-A.

6. Ní mór fad na ráthaíochta a bheith teoranta do thréimhse uasta 15 bliana.

7. Cabhair chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre, féadfar í a charnadh le cabhair idir-inoibritheachta nó le cabhair le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú má eisiatar na glanchostais bhreise le haghaidh idir-inoibritheachta, dá dtagraítear in Airteagal 16(6) den Rialachán seo, nó infheistíochtaí nuachóiriúcháin agus oiriúnúcháin theicniúil, dá dtagraítear in Airteagal 17(6) den Rialachán seo, ó na costais incháilithe a leagtar amach i mír 2.

Airteagal 15

Cabhair chun Aonaid Luchtaithe Idirmhódúla nó craenacha ar bord soithí a fháil

1. Scéimeanna cabhrach infheistíochta chun Aonaid Luchtaithe Idirmhódúla nó craenacha nua nó athláimhe ar bord soithí a fháil, beidh siad comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 93 den Chonradh agus díolmhófar ón gceanglas fógra atá in Airteagal 108(3) den Chonradh iad ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus i gCaibidil I.

2. Ní mór an chabhair a dheonú do ghnóthais a fhaigheann Aonaid Luchtaithe Idirmhódúla agus craenacha ar bord soithí.

3. Is iad seo a leanas na costais incháilithe a bheidh ann:

(a) i gcás Aonaid Luchtaithe Idirmhódúla: an difríocht sa chostas idir aonaid iompair a úsáidtear go heisiach le haghaidh iompar de bhóthar agus Aonaid Luchtaithe Idirmhódúla is féidir a thrasloingsiú chun críoch iompair ilmhódaigh inbhuanaithe;

(b) le haghaidh craenacha ar bord soithí: an praghas fála iomlán.

4. Ní mór staidéir féidearthachta agus costais phleanála agus suiteála a áireamh ar na costais incháilithe.

5. Níor cheart an méid cabhrach déine cabhrach 40 % de na costais incháilithe sa chás dá dtagraítear i mír 3, pointe (a) ná 20 % de na costais incháilithe sa chás dá dtagraítear i mír 3, pointe (b) a shárú.

Foroinn C

Cabhair infheistíochta le haghaidh idir-inoibritheachta agus oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú

Airteagal 16

Cabhair le haghaidh idir-inoibritheachta

1. Scéimeanna cabhrach infheistíochta a thacaíonn le hinfheistíochtaí i sócmhainní a rannchuidíonn le sreafaí tráchta gan bhriseadh idir na gréasáin náisiúnta nó idir modhanna iompair, beidh siad comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 93 den Chonradh agus díolmhófar ón gceanglas fógra atá in Airteagal 108(3) den Chonradh iad ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus i gCaibidil I den Rialachán seo.

2. Ní mór an chabhair a dheonú d'úinéirí feithiclí le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre, d'oibreoirí iompair agus d'eagraithe iompair chun na hinfheistíochtaí dá dtagraítear i mír 3 a dhéanamh sna hearnálacha iompair inbhuanaithe de thalamh.

3. Is iad seo a leanas na tionscadail infheistíochta incháilithe a bheidh ann:

(a) An Córas Eorpach um Rialú Traenacha (ETCS), an Córas Todhchaíochta um Chumarsáid Mhóibíleach Iarnróid (FRMCS), lena n-áirítear nuair a chomhcheanglaítear é leis an gCóras Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach – Iarnród (GSM-R), agus Uathoibriú Traenach (ATO) mar chuid den Chóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS), mar a thuairiscítear i reachtaíocht thánaisteach an Aontais ([28]);

(b) cúpláil uathoibríoch dhigiteach (DAC) ([29]);

(c) Trealamh GSM-R ar bhonn neamhspleách;

(d) rothstoc a oiriúnú do chórais leictreacha éagsúla;

(e) rothstoc a oiriúnú do leithid rianta éagsúla;

(f) soithí uiscebhealaí intíre a oiriúnú chun freastal ar chalafoirt agus soithí muirghabhála a oiriúnú chun freastal ar chalafoirt intíre;

(g) soithí uiscebhealaí intíre a oiriúnú do dhálaí inseoltachta athraitheacha, lena n-áirítear dálaí lag trá;

(h) rothstoc agus soithí uiscebhealaí intíre a uathoibriú;

(i) feithiclí a oiriúnú chun Aonaid Luchtaithe Idirmhódúla a iompar;

([28]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/919 (IO L 222, 8.9.2023, lch. 380, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1695/oj).

([29]) Is comhpháirt idir-inoibritheach é DAC chun an rothstoc i dtraein lasta a chúpláil agus a dhíchúpláil go huathoibríoch go fisiciúil (e.g. nasc meicniúil agus aerlíne le haghaidh coscánú) agus go digiteach (e.g. cumhacht leictreach agus nasc sonraí). Is cumasóir é DAC chun iompar lasta iarnróid Eorpach nua-aimseartha agus digiteach a chruthú. Ní hamháin go méadóidh sé éifeachtúlacht a bhuí le próisis uathoibrithe, ach áiritheoidh sé freisin soláthar leordhóthanach fuinnimh d'fheidhmchláir theileamaitice, chomh maith le cumarsáid shábháilte sonraí ar fud na traenach ar fad.

(j) príomhtheicneolaíochtaí is gá chun seirbhísí faisnéise tráchta abhann a chur chun feidhme, amhail an Timpeallacht Eorpach um Sheirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann, an Córas Taispeána Cairteacha Leictreonacha agus Faisnéise um Loingseoireacht Intíre, fógraí do scipéirí, an Córas Aitheantais Uathoibríoch Intíre agus Tuairisciú Leictreonach Idirnáisiúnta;

(k) feidhmchláir theileamaitice lasta agus bogearraí lasta eile a mhéid a rannchuidíonn siad le sreafaí tráchta gan bhriseadh idir modhanna iompair éagsúla, go háirithe córais sainaitheanta, rianaithe agus inrianaitheachta idirmhódúla, agus ardáin mhalartaithe sonraí idirmhódacha, cé is moite d'infheistíochtaí i bhfeidhmchláir le haghaidh seirbhísí paisinéirí amhail córais lena soláthraítear faisnéis do phaisinéirí roimh an turas agus lena linn, córais áirithinte agus íocaíochta paisinéirí, bainistiú bagáiste agus bainistiú nasc idir traenacha paisinéirí agus le modhanna eile iompair paisinéirí.

4. Is éard a bheidh sna costais incháilithe na costais uile is gá chun na tionscadail infheistíochta dá dtagraítear i mír 3 a chur chun feidhme. Áireofar ar na costais sin na costais is gá chun an teicneolaíocht ábhartha a cheannach agus a shuiteáil, costais bhainistíochta tionscadal agus costais seachadta. Beidh costais a bhaineann le staidéir, tástáil agus formheas, agus suiteálacha píolótacha agus fréamhshamhla chun an teicneolaíocht ábhartha i Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaí 9 ([30]) a chur chun feidhme incháilithe freisin. Ní bheidh costais chothabhála incháilithe. Beidh na sócmhainní a mhaoineofar leis an gcabhair ina sócmhainní nua nó athláimhe. A mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí idir-inoibritheachta a bhaineann le ERTMS, beidh costais a bhaineann le comhtháthú fheidhmeanna an Chórais Eorpaigh um Loingseoireacht Satailíte Dhomhanda laistigh de ERTMS incháilithe. Beidh costais a bhaineann le trealamh GSM-R in éineacht le trealamh FRMCS incháilithe le haghaidh tacaíochta freisin. Ní bheidh costais a bhaineann le hinfheistíochtaí i dtrealamh GSM-R neamhspleách incháilithe do thacaíocht ach amháin má thabhaítear iad go dtí an 31 Nollaig 2031.

5. Níor cheart an déine cabhrach an méid seo a leanas a shárú:

(a) 90 % de na costais incháilithe le haghaidh tionscadail infheistíochta dá dtagraítear i mír 3, pointí (a) agus (b);

(b) 50 % de na costais incháilithe le haghaidh tionscadail infheistíochta dá dtagraítear i mír 3, pointí (c) go (k).

6. A mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí idir-inoibritheachta i bhfeithiclí le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre nó in Aonad Luchtaithe Idirmhódúil nó craein ar bord soithí a bhfuil sé beartaithe iad a fháil, teorannófar na costais incháilithe do na glanchostais bhreise le haghaidh idir-inoibritheachta, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais sin cheana féin le haon chineál eile cabhrach, go háirithe cabhair faoi Airteagail 14 agus 15. Ríomhfar na glanchostais bhreise le haghaidh idir-inoibritheachta mar an difríocht idir, ar thaobh amháin, an costas iomlán a bhaineann leis an bhfeithicil a cheannach le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre nó an tAonad Luchtaithe Idirmhódúil nó an chraein ar bord soithí a bhfuil sé beartaithe iad a fháil agus atá feistithe leis na hinfheistíochtaí sin, agus, ar an taobh eile, an costas iomlán a bhaineann leis an bhfeithicil nó an tAonad Luchtaithe Idirmhódúil nó an chraein chéanna ar bord soithí nó sócmhainn chomhchosúil a cheannach gan infheistíochtaí idir-inoibritheachta sa chás frithfhíorasach.

7. Ar feadh 5 bliana ar a laghad tar éis dheonú na cabhrach, ní mór a chuimsiú sna socruithe conarthacha chun sócmhainní arna maoiniú le cabhair idir-inoibritheachta a aistriú nó a úsáid in aghaidh íocaíochta (amhail léas) clásal ina sonrófar gur le státchabhair a cistíodh an infheistíocht lena rannchuidítear le hidir-inoibritheacht na sócmhainne lena mbaineann. Ní mór a shonrú sna socruithe conarthacha freisin na hoibleagáidí comhfhreagracha a leagtar síos i mír 9, i gcás inarb infheidhme, agus an méid cabhrach a léiriú.

8. Ní mór an infheistíocht a chur chun feidhme agus a thabhairt chun críche bliain amháin ar a laghad roimh an dáta a bheidh an infheistíocht dá dtugtar cabhair sainordaitheach ar leibhéal an Aontais.

9. Ní mór do na píosaí rothstoic a thairbhíonn den infheistíocht dá dtugtar tacaíocht stádas clárúcháin bailí a choinneáil, arna fhianú le cód 00 mar a shainmhínítear i bhFoscríbhinn 3 a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún ([31]), sa chlár Eorpach feithiclí ar feadh 5 bliana ar a laghad tar éis chur chun feidhme na hinfheistíochta.

([30]) Teachtaireacht ón gCoimisiún, Creat do Státchabhair le haghaidh taighde agus forbartha agus nuálaíochta (IO C 414, 28.10.2022, lch. 1), fonóta 60. Féach freisin an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A European strategy for Key Enabling Technologies – A bridge to growth and jobs* [Straitéis Eorpach le haghaidh Eochairtheicneolaíochtaí Cumasúcháin – Nasc idir fás agus poist] (COM(2012) 341 final).

([31]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh cláir feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 47 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún (IO L 268, 26.10.2018, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1614/oj).

Airteagal 17

Cabhair le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú in earnálacha an iompair inbhuanaithe de thalamh

1. Scéimeanna cabhrach infheistíochta a thacaíonn le hinfheistíochtaí i sócmhainní a rannchuidíonn leis an oiriúnú teicniúil agus an nuachóiriú in earnálacha an iompair inbhuanaithe de thalamh, beidh siad comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 93 den Chonradh agus díolmhófar ón gceanglas fógra atá in Airteagal 108(3) den Chonradh iad ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus i gCaibidil I.

2. Ní mór an chabhair a dheonú d'úinéirí feithiclí le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre, d'oibreoirí iompair agus d'eagraithe iompair chun na hinfheistíochtaí dá dtagraítear i mír 3 a dhéanamh sna hearnálacha iompair inbhuanaithe de thalamh.

3. Is iad seo a leanas na tionscadail infheistíochta incháilithe a bheidh ann:

(a) an rothstoc a iarfheistiú nó a athchóiriú;

(b) soithí uiscebhealaí intíre a iarfheistiú nó a athchóiriú, mar shampla chun feabhas a chur ar hidridinimic agus ar éifeachtúlacht;

(c) trealamh le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe a iarfheistiú nó a athchóiriú;

(d) rothstoc agus soithí uiscebhealaí intíre a oiriúnú go teicniúil do chineálacha nua lasta;

(e) feidhmchláir theileamaitice lasta agus bogearraí lasta eile in earnálacha na n-iarnród agus na n-uiscebhealaí intíre nach dtagann faoi Airteagal 16, amhail córais lena soláthraítear faisnéis go heisiach laistigh de mhodh iompair amháin nó córais áirithinte agus íocaíochta dhigiteacha nach rannchuidíonn le sreafaí tráchta gan bhriseadh, cé is moite d'infheistíochtaí i bhfeidhmchláir le haghaidh seirbhísí paisinéirí amhail córais lena soláthraítear faisnéis do phaisinéirí roimh an turas agus lena linn, córais áirithinte agus íocaíochta paisinéirí, bainistiú bagáiste agus bainistiú nasc idir traenacha paisinéirí agus le modhanna eile iompair paisinéirí;

(f) bogearraí réamhaisnéise tráchta (am imeachta measta/am teachta measta) agus bogearraí optamaithe bealaí;

(g) córais dhigiteacha lena ndéantar faireachán ar am oibre agus tréimhsí scíthe in oibríochtaí iompair ar iarnród.

4. Is éard a bheidh sna costais incháilithe na costais uile is gá chun na hinfheistíochtaí a chur chun feidhme. Féadfar a áireamh ar na costais sin, go háirithe, na costais is gá chun an teicneolaíocht ábhartha a cheannach agus a shuiteáil, costais a bhaineann le huasghráduithe ar theicneolaíocht atá suiteáilte cheana, costais bainistíochta tionscadal agus costais seachadta. Beidh costais a bhaineann le staidéir, tástáil agus formheas, agus suiteálacha píolótacha agus fréamhshamhla chun an teicneolaíocht ábhartha i Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaí 9 ([32]) a chur chun feidhme incháilithe. Ní bheidh costais chothabhála incháilithe. Beidh na sócmhainní a mhaoineofar leis an gcabhair ina sócmhainní nua nó athláimhe.

5. Níor cheart an déine cabhrach 30 % de na costais incháilithe a shárú.

6. A mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí i bhfeithiclí le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre nó i dtrealamh le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe a bhfuil sé beartaithe é a fháil, teorannófar na costais incháilithe do na glanchostais bhreise le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais sin cheana féin le haon chineál cabhrach eile, go háirithe cabhair faoi Airteagail 14 agus 15. Déantar na glanchostais bhreise le haghaidh oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú a ríomh mar an difríocht idir, ar thaobh amháin, an costas iomlán a bhaineann le ceannach na feithicle le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre nó an trealamh le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe a bhfuil sé beartaithe é a fháil agus a fheistítear le hinfheistíochtaí den sórt sin, agus, ar an taobh eile, an costas iomlán a bhaineann le ceannach na sócmhainne céanna nó sócmhainne comhchosúla a mbeadh oiriúnú teicniúil agus nuachóiriú le déanamh uirthi sa chás frithfhíorasach.

([32]) Teachtaireacht ón gCoimisiún Creat do státchabhair le haghaidh taighde, forbartha agus nuálaíochta (IO C 414, 28.10.2022, lch. 1), fonóta 60. Féach freisin, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A European strategy for Key Enabling Technologies – A bridge to growth and jobs* [Straitéis Eorpach le haghaidh Eochairtheicneolaíochtaí Cumasúcháin – Droichead chuig fás agus poist] (COM(2012) 341 final).

7. Ar feadh 5 bliana ar a laghad tar éis dheonú na cabhrach, sna socruithe conarthacha maidir le sócmhainní arna maoiniú le cabhair chun feithiclí agus trealamh le haghaidh iompar ilmhódach inbhuanaithe a oiriúnú go teicniúil agus a nuachóiriú a aistriú nó a úsáid in aghaidh íocaíochta ní mór clásal a chuimsiú ina sonrófar gur cistíodh oiriúnú nó nuachóiriú na sócmhainne lena mbaineann le státchabhair agus ina sonrófar an méid cabhrach.

8. Ní mór an infheistíocht a chur chun feidhme agus a thabhairt chun críche bliain amháin ar a laghad roimh an dáta a bheidh an infheistíocht dá dtugtar tacaíocht sainordaitheach ar leibhéal an Aontais.

CAIBIDIL III

FAIREACHÁN

Airteagal 18

Tairbhe na blocdhíolúine a tharraingt siar

I gcás ina ndeonaíonn Ballstát cabhair a líomhnaítear a bheith díolmhaithe ón gceanglas fógra faoin Rialachán seo gan na coinníollacha a leagtar amach i gCaibidil I go Caibidil II a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó an deis a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann a thuairimí a chur in iúl, cinneadh a ghlacadh ina sonrófar go dtabharfar fógra don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 108(3) den Chonradh, maidir leis na bearta cabhrach uile nó cuid de na bearta cabhrach a ghlacfaidh an Ballstát lena mbaineann amach anseo, ar bearta iad lena gcomhlíonfaí ceanglais an Rialacháin seo murach sin. Féadfar na bearta a bhfuil fógra le tabhairt ina leith a theorannú do bhearta lena ndeonaítear cineálacha áirithe cabhrach nó i bhfabhar tairbhithe áirithe nó bearta cabhrach arna nglacadh ag údaráis áirithe de chuid an Bhallstáit lena mbaineann.

Airteagal 19

Tuairisciú

Seolfaidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas chuig an gCoimisiún:

(a) trí chóras fógartha leictreonach an Choimisiúin, an fhaisnéis achomair faoi gach beart cabhrach a dhíolmhaítear de bhun an Rialacháin seo san fhormáid chaighdeánaithe a leagtar síos in Iarscríbhinn II, mar aon le nasc lena dtugtar rochtain ar théacs iomlán an bhirt cabhrach, lena n-áirítear na leasuithe a rinneadh air, laistigh de 20 lá oibre tar éis teacht i bhfeidhm an bhirt cabhrach;

(b) i bhfoirm leictreonach, tuarascáil bhliantúil, dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún ([33]), maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus ina bhfuil an fhaisnéis a shonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 i ndáil le gach bliain iomlán nó gach cuid den bhliain a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir léi.

Airteagal 20

Meastóireacht

1. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach amháin maidir le scéimeanna cabhrach atá faoi réir meastóireacht *ex post* i gcomhréir le mír 2, ar feadh tréimhse suas le 6 mhí óna dteacht i bhfeidhm, nó ar feadh cibé tréimhse is faide ná sin a fhéadfaidh an Coimisiún a chinneadh tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an bplean meastóireachta a tharraingítear suas le haghaidh scéim ar leith, dá dtagraítear i mír 8.

([33]) Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 140, 30.4.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/794/oj).

2. Beidh na scéimeanna cabhrach faoi réir meastóireacht *ex post* má tá buiséad státchabhrach nó caiteachas a thugtar i gcuntas acu atá os cionn EUR 150 milliún in aon bhliain ar leith nó EUR 750 milliún thar a bhfad iomlán. Is iad comhfhad na scéime agus aon scéime a bhí ann roimhe sin lena gcumhdaítear cuspóir agus limistéar geografach comhchosúil ón 30 Márta 2026 ar aghaidh a bheidh san fhad iomlán. Ní bheidh gá le meastóireachtaí *ex post* ach amháin le haghaidh scéimeanna cabhrach ar mó a ré iomlán ná 3 bliana, ón 30 Márta 2026 ar aghaidh.

3. Féadfar an ceanglas maidir le meastóireacht *ex post* a tharscaoileadh i gcás scéimeanna cabhrach ar comharba láithreach iad ar scéim lenar cumhdaíodh cuspóir agus limistéar geografach comhchosúil agus ar a ndearnadh meastóireacht, agus ar tugadh tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach ina leith i gcomhréir leis an bplean meastóireachta a d'fhormheas an Coimisiún agus nach bhfuil aon toradh diúltach inti. I gcás nach bhfuil tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach scéime i gcomhréir leis an bplean meastóireachta formheasta, cuirfear an scéim sin ar fionraí le héifeacht láithreach. Aon chomharba ar scéim cabhrach fionraithe den sórt sin. ní bheidh sé blocdhíolmhaithe.

4. Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad sa phlean meastóireachta: (i) cuspóirí na scéime cabhrach a bhfuil meastóireacht le déanamh uirthi; (ii) na ceisteanna meastóireachta; (iii) na táscairí toraidh; (iv) an mhodheolaíocht a bheartaítear chun an mheastóireacht a dhéanamh; (v) na ceanglais maidir le bailiú sonraí; (vi) uainiú beartaithe na meastóireachta (lena n-áirítear dáta chur isteach na tuarascálacha meastóireachta eatramhacha agus críochnaitheacha); (vii) an tuairisc ar an gcomhlacht neamhspleách a bhfuil an mheastóireacht á déanamh aige nó na critéir a úsáidfear lena roghnú; agus (viii) na módúlachtaí chun poiblíocht na meastóireachta a áirithiú.

5. Beidh sé d'aidhm ag an meastóireacht *ex post* a fhíorú ar deimhníodh na toimhdí agus na coinníollacha atá mar bhonn le comhoiriúnacht na scéime, go háirithe riachtanas agus éifeachtacht an bhirt cabhrach i bhfianaise a chuspóirí ginearálta agus sonracha. Déanfaidh an mheastóireacht *ex post* measúnú freisin ar thionchar na scéime ar an iomaíocht agus ar an trádáil.

6. Déanfar an meastóireacht *ex post* ar bhonn plean meastóireachta arna fhormheas ag an gCoimisiún.

7. Maidir le scéimeanna cabhrach atá faoi réir an cheanglais maidir le meastóireacht de bhun mhír 2, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi dhréachtphlean meastóireachta mar a leanas:

(a) laistigh de 20 lá oibre ó theacht i bhfeidhm na scéime, más rud é gur mó buiséad státchabhrach na scéime ná EUR 150 milliún in aon bhliain ar leith nó EUR 750 milliún thar a tréimhse iomlán;

(b) laistigh de 30 lá oibre tar éis athrú suntasach a mhéadaíonn buiséad na scéime go dtí os cionn EUR 150 milliún in aon bhliain ar leith nó EUR 750 milliún thar thréimhse iomlán na scéime;

(c) laistigh de 30 lá oibre tar éis caiteachas os cionn EUR 150 milliún in aon bhliain a thaifeadadh sna cuntais oifigiúla.

8. Beidh an dréachtphlean meastóireachta i gcomhréir leis an modheolaíocht chomhchoiteann chun meastóireacht a dhéanamh ar státchabhair arna glacadh ag an gCoimisiún. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh síneadh a chur leis an tréimhse tosaigh 6 mhí sa chinneadh lena bhformheastar an plean meastóireachta. Déanfaidh na Ballstáit an plean meastóireachta arna fhormheas ag an gCoimisiún a fhoilsiú.

9. An mheastóireacht *ex post*, is saineolaí atá neamhspleách ar an údarás deonaithe cabhrach a dhéanfaidh í, ar bhonn an phlean meastóireachta. Cuimseofar tuarascáil mheastóireachta eatramhach amháin agus tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach amháin ar a laghad i ngach meastóireacht. Déanfaidh na Ballstáit an dá thuarascáil a fhoilsiú.

10. Cuirfear an tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach faoi bhráid an Choimisiúin 9 mí ar a dhéanaí roimh dhul in éag na scéime. Féadfar an tréimhse sin a laghdú i gcás scéimeanna lena dtionscnaítear an ceanglas meastóireachta le linn an 2 bhliain dheiridh de chur chun feidhme na scéimeanna sin. Leagfar amach an raon feidhme beacht agus na socruithe do gach meastóireacht sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an scéim cabhrach. San fhógra faoi aon bheart cabhrach ina dhiaidh sin a bhfuil cuspóir comhchosúil aige, tabharfar tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh torthaí na meastóireachta san áireamh.

Airteagal 21

Faireachán

1. Chun é a chur ar a chumas don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar an gcabhair a dhíolmhaítear ó fhógra a thabhairt faoin Rialachán seo, coinneoidh na Ballstáit taifid mhionsonraithe ar bun ina mbeidh an fhaisnéis agus an doiciméadacht tacaíochta is gá chun a chinneadh go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar síos sa Rialachán seo. Coinneofar na taifid sin ar feadh 10 mbliana ón dáta a deonaíodh an chabhair *ad hoc* nó ón dáta a deonaíodh an chabhair aonair dheiridh faoin scéim.

2. I gcás scéimeanna faoina ndeonaítear cabhair fhioscach go huathoibríoch, amhail na scéimeanna sin atá bunaithe ar dhearbhuithe cánach na dtairbhithe, agus i gcás nach bhfuil aon fhíorú *ex ante* ann go gcomhlíontar na coinníollacha comhoiriúnachta uile le haghaidh gach tairbhí, fíoróidh na Ballstáit go tráthrialta, *ex post* agus ar bhonn samplach ar a laghad, go gcomhlíontar na coinníollacha comhoiriúnachta uile, agus tiocfaidh siad ar na conclúidí is gá. Coinneoidh na Ballstáit taifid mhionsonraithe ar na fíoruithe sin ar bun ar feadh 10 mbliana ar a laghad ó dháta na bhfíoruithe.

3. Féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis agus an doiciméadacht tacaíochta ar fad a mheasann an Coimisiún is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a iarraidh ar gach Ballstát, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis agus na doiciméid tacaíochta a iarradh a sholáthar don Choimisiún laistigh de 20 lá oibre ón iarraidh a fháil, nó laistigh de sprioc-am níos faide má dhéantar foráil maidir le sprioc-am den sórt sin san iarraidh.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 22

Forálacha idirthréimhseacha

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le cabhair aonair a deonaíodh sular tháinig sé i bhfeidhm i gcás ina gcomhlíonann an chabhair na coinníollacha uile a leagtar síos sa Rialachán seo, cé is moite d'Airteagal 9.

2. Aon chabhair nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le díolúine ón gceanglas fógra a leagtar amach sa Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún measúnú uirthi ar bhonn na gcreataí, na dtreoirlínte, na dteachtaireachtaí agus na bhfógraí arna nglacadh ag an gCoimisiún.

3. I ndeireadh thréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, aon scéim cabhrach a dhíolmhaítear ón gceanglas fógra faoin Rialachán seo, leanfaidh sí de bheith díolmhaithe ar feadh tréimhse 6 mhí.

Féadfaidh na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo leanúint d'fheidhm a bheith acu tar éis a thréimhse bhailíochta maidir le cabhair a dheonaítear faoi chistí de chuid an Aontais arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte le haghaidh na clárthréimhse 2028-2034.

Airteagal 23

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 30 Márta 2026.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2034.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Sainmhíniú ar FBM

Airteagal 1

Fiontar

Meastar gur fiontar atá in aon eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, is cuma cén fhoirm dhlíthiúil atá aige. Áirítear leis sin, go háirithe, daoine féinfhostaithe agus gnólachtaí teaghlaigh a ghabhann do ghníomhaíochtaí ceirde nó do ghníomhaíochtaí eile, agus comhpháirtíochtaí nó comhlachais a ghabhann do ghníomhaíocht eacnamaíoch rialta.

Airteagal 2

Líon foirne agus tairseacha airgeadais agus catagóirí fiontair á gcinneadh

1. I gcatagóir na bhfiontar beag, meánmhéide agus na micrifhiontar ('FBManna') tá fiontair a bhfuil níos lú ná 250 duine fostaithe acu agus ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach mó ná EUR 50 milliún, agus/nó clár comhordaithe bliantúil iomlán nach mó ná EUR 43 mhilliún.

2. Laistigh den chatagóir FBM, sainmhínítear fiontar beag mar fhiontar a fhostaíonn líon is lú ná 50 duine agus nach sáraíonn a láimhdeachas bliantúil agus/nó a chlár comhardaithe bliantúil EUR 10 milliún.

3. Laistigh den chatagóir FMB, sainmhínítear micrifhiontar mar fhiontar a fhostaíonn níos lú ná 10 nduine agus ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil agus/nó clár comhordaithe bliantúil iomláin nach mó ná EUR 2 mhilliún.

Airteagal 3

Cineálacha fiontar a chuirtear san áireamh agus líon foirne agus méideanna airgeadais á ríomh

1. Is éard is 'fiontar uathrialaitheach' ann aon fhiontar nach n-aicmítear mar fhiontar comhpháirtíochta de réir bhrí mhír 2 ná mar fhiontar nasctha de réir bhrí mhír 3.

2. Is éard is 'fiontair chomhpháirtíochta' ann na fiontair uile nach n-aicmítear mar fhiontair nasctha de réir bhrí mhír 3 agus a bhfuil an caidreamh seo a leanas eatarthu: fiontar (fiontar uasionaid) ag a bhfuil, is é sin, go haonarach nó i gcomhpháirt le fiontar nasctha amháin nó níos mó de réir bhrí mhír 3, 25 % nó níos mó den chaipiteal nó de na cearta vótála de chuid fiontar eile (fiontar íosionaid).

Mar sin féin, féadfar fiontar a aicmiú mar fhiontar uathrialaitheach, agus mar fhiontar nach bhfuil aon fhiontar comhpháirtíochta aige, dá bhrí sin, fiú amháin má bhaineann na hinfheisteoirí seo a leanas an tairseach 25 % sin amach nó má sháraíonn siad í, ar choinníoll nach bhfuil na hinfheisteoirí sin nasctha, de réir bhrí mhír 3, is é sin, ina n-aonar nó i gcomhpháirt leis an bhfiontar i gceist:

(a) corparáidí infheistíochta poiblí, cuideachtaí caipitil fiontair, daoine aonair nó grúpaí daoine aonair a bhfuil gníomhaíocht rialta maidir le hinfheistíocht caipitil fiontair acu agus a infheistíonn caipiteal cothromais i ngnólachtaí neamhluaite ('aingil ghnó'), ar choinníoll go bhfuil infheistíocht iomlán na n-aingeal gnó sin san fhiontar céanna níos lú ná EUR 1 250 000;

(b) ollscoileanna nó ionaid taighde neamhbhrabúis;

(c) infheisteoirí institiúideacha, lena n-áirítear cistí forbraíochta réigiúnaí;

(d) údaráis áitiúla fhéinrialaitheacha ag a bhfuil buiséad bliantúil níos lú ná EUR 10 milliún agus níos lú ná 5 000 áitritheoir.

3. Is éard is 'fiontair nasctha' ann fiontair a bhfuil aon cheann de na caidrimh seo a leanas eatarthu:

(a) tá formhór de chearta vótála na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí i bhfiontar eile ag fiontar;

(b) tá sé de cheart ag fiontar tromlach na gcomhaltaí den chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta de chuid fiontar eile a cheapadh nó a chur as oifig;

(c) tá sé de cheart ag fiontar tionchar ceannasach a imirt ar fhiontar eile de bhun conradh a dhéantar leis an bhfiontar sin nó de bhun foráil ina mheabhrán nó ina airteagail chomhlachais;

(d) déanann fiontar, ar scairshealbhóir nó comhalta fiontair eile é, rialú ina aonar, de bhun comhaontú le scairshealbhóirí nó comhaltaí eile de chuid an fhiontair sin, ar fhormhór de chearta vótála na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí san fhiontar sin.

Tá toimhde ann nach ann do thionchar ceannasach mura bhfuil baint dhíreach ná indíreach ag na hinfheisteoirí a liostaítear sa dara fomhír de mhír 2 le bainistiú an fhiontair i gceist, gan dochar dá gcearta mar scairshealbhóirí.

Fiontair ag a bhfuil aon cheann de na caidrimh a bhfuil tuairisc orthu sa chéad fhomhír trí fhiontar amháin eile nó níos mó, nó trí aon cheann de na hinfheisteoirí a luaitear i mír 2, meastar iad a bheith nasctha freisin.

Fiontair ag a bhfuil ceann amháin nó ceann eile de na caidrimh den chineál sin le duine nádúrtha nó grúpa de dhaoine nádúrtha ag gníomhú i gcomhpháirt, meastar gur fiontair nasctha iad freisin má thugann siad faoina ngníomhaíocht nó faoi chuid dá ngníomhaíocht sa mhargadh ábhartha céanna nó i margaí cóngaracha.

Meastar gurb ionann 'margadh cóngarach' agus an margadh le haghaidh táirge nó seirbhíse atá go díreach réamhtheachtach nó iartheachtach ón margadh ábhartha.

4. Ach amháin sna cásanna a leagtar amach i mír 2, an dara fomhír, ní féidir a mheas gur FBM é fiontar má tá 25 % nó níos mó den chaipiteal nó de na cearta vótála faoi rialú díreach nó indíreach ag comhlacht poiblí amháin nó níos mó ná sin, i gcomhpháirt nó go haonarach.

5. Féadfaidh fiontair dearbhú stádais mar fhiontar uathrialaitheach, fiontar comhpháirtíochta, nó fiontar nasctha a dhéanamh, ina gcuimsítear na sonraí maidir leis na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 2. Féadfar an dearbhú a dhéanamh fiú amháin má scaiptear an caipiteal ar bhealach a fhágann nach féidir an sealbhóir a chinneadh go beacht, agus sa chás sin féadfaidh an fiontar a dhearbhú de mheon macánta gur féidir leis a thoimhdiú go dlisteanach nach bhfuil 25 % nó níos mó ná sin de faoi úinéireacht ag fiontar amháin nó ag fiontair nasctha i gcomhpháirt. Déantar dearbhuithe den sórt sin gan dochar do na seiceálacha agus do na himscrúduithe dá bhforáiltear i rialacha náisiúnta nó i rialacha an Aontais.

Airteagal 4

Sonraí a úsáidtear don líon foirne agus do na méideanna airgeadais agus don tréimhse thagartha

1. Is iad na sonraí nach mór a chur i bhfeidhm maidir leis an líon foirne agus leis na méideanna airgeadais na sonraí i ndáil leis an tréimhse cuntasaíochta fhormheasta is déanaí a ríomhtar ar bhonn bliantúil. Cuirtear san áireamh ón dáta a dhúntar na cuntais iad. Ríomhtar an méid a roghnaítear don láimhdeachas gan cáin bhreisluacha (CBL) ná cánacha indíreacha eile a chur san áireamh.

2. Sa chás, ar an dáta a dhúntar na cuntais, go bhfaigheann fiontar amach gur sháraigh sé nó gur thit sé, ar bhonn bliantúil, faoin líon foirne nó faoi na tairseacha airgeadais a luaitear in Airteagal 2, ní bheidh caillteanas nó gnóthú stádais mar fhiontar meánmhéide, fiontar beag nó micrifhiontar mar thoradh air sin, ach amháin má sháraítear na tairseacha sin thar dhá thréimhse cuntasaíochta leanúnacha.

3. I gcás fiontair nuabhunaithe nár formheasadh a gcuntais go fóill, déanfar na sonraí a chuirfear i bhfeidhm a dhíorthú ó mheastachán *bona fide* a rinneadh le linn na bliana airgeadais.

Airteagal 5

Líon foirne

Comhfhreagraíonn an líon foirne do líon na n-aonad oibrithe bliantúil, i.e. an líon daoine a d'oibrigh go lánaimseartha laistigh den fhiontar i gceist nó thar a cheann le linn na bliana tagartha iomláine atá á meas. Cuirtear obair daoine nár oibrigh go lánaimseartha le linn na bliana iomláine, obair iad siúd a d'oibrigh go páirtaimseartha, gan beann ar an bhfad, agus obair oibrithe séasúracha san áireamh mar chodáin d'aonaid oibrithe bhliantúla. Ar an bhfoireann áirítear:

(a) fostaithe;

(b) daoine atá ag obair don fhiontar, atá faoina réir agus a mheastar a bheith ina bhfostaithe faoin dlí náisiúnta;

(c) bainisteoirí ar úinéirí iad;

(d) comhpháirtithe a ghabhann do ghníomhaíocht rialta san fhiontar agus a thairbhíonn de bhuntáistí airgeadais ón bhfiontar.

Ní dhéantar printísigh ná mic léinn a ghabhann do ghairmoiliúint a bhfuil conradh printíseachta nó gairmoiliúna acu a áireamh mar bhaill den fhoireann. Ní áirítear tréimhsí saoire máithreachais ná tuismitheoireachta.

Airteagal 6

Na sonraí a bhaineann le fiontar a bhunú

1. I gcás fiontar uathrialaitheach, cinntear na sonraí, lena n-áirítear an líon foirne, ar bhonn chuntais an fhiontair sin agus orthu sin amháin.

2. Cinntear na sonraí, an líon foirne san áireamh, a bhaineann le fiontar ag a bhfuil fiontair chomhpháirtíochta nó fiontair nasctha ar bhonn chuntais agus sonraí eile an fhiontair nó, i gcás inarb ann dóibh, ar bhonn chuntais chomhdhlúite an fhiontair, nó ar bhonn na gcuntas comhdhlúite ina bhfuil an fiontar páirteach trí chomhdhlúthú.

Leis na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirtear na sonraí a bhaineann le haon fhiontar comhpháirtíochta de chuid an fhiontair i gceist agus atá go díreach réamhtheachtach nó iartheachtach uaidh. Is i gcomhréir leis an gcéatadán úis sa chaipiteal nó sna cearta vótála (cibé acu is mó) a dhéantar comhiomlánú. I gcás tras-sealúchas, tá feidhm ag an gcéatadán is airde.

Leis na sonraí dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fomhír cuirtear 100 % de na sonraí a bhaineann le haon fhiontar atá nasctha go díreach nó go hindíreach leis an bhfiontar i gceist, sa chás nár cuimsíodh na sonraí sna cuntais cheana féin trí chomhdhlúthú.

3. Chun mír 2 a chur i bhfeidhm, díorthaítear sonraí fhiontair chomhpháirtíochta an fhiontair i gceist óna gcuntais agus óna gcuid sonraí eile, cuntais agus sonraí comhdhlúite más ann dóibh. Cuirtear leis sin 100 % de shonraí na bhfiontar atá nasctha leis na fiontair chomhpháirtíochta sin, ach amháin sa chás ina gcuimsítear a sonraí cuntas cheana féin trí chomhdhlúthú.

Chun an mhír 2 chéanna a chur i bhfeidhm, ní mór sonraí na bhfiontar atá nasctha leis an bhfiontar i gceist a dhíorthú óna gcuntas agus óna sonraí eile, cuntais agus sonraí comhdhlúite más ann dóibh. Leis sin cuirtear, *pro rata*, sonraí aon fhiontair comhpháirtíochta féideartha eile de chuid an fhiontair nasctha sin, ar fiontar é atá suite go díreach réamhtheachtach nó iartheachtach uaidh, ach amháin sa chás inar cuimsíodh cheana féin iad sna cuntais chomhdhlúite i gcéatadán atá i gcomhréir ar a laghad leis an gcéatadán a aithníodh faoin dara fomhír de mhír 2.

4. I gcás nach dtaispeántar aon sonraí foirne le haghaidh fiontar ar leith sna cuntais chomhdhlúite, ríomhtar figiúirí foirne trí na sonraí óna fhiontair chomhpháirtíochta a chomhiomlánú go comhréireach agus trí na sonraí ó na fiontair lena bhfuil an fiontar i gceist nasctha a chur leo.

IARSCRÍBHINN II

FAISNÉIS MAIDIR LE STÁTCHABHAIR A DHÍOLMHAÍTEAR FAOI CHOINNÍOLLACHA AN RIALACHÁIN SEO

CUID I – le soláthar trí chóras fógartha leictreonach seanbhunaithe an Choimisiúin mar a leagtar síos in Airteagal 19

Tagairt na cabhrach	*[le comhlánú ag an gCoimisiún]*	
Ballstát	.....	
Uimhir thagartha an Bhallstáit	.....	
Réigiún	Ainm an Réigiúin/na Réigiún (*NUTS*) ([1])	Stádas na cabhrach réigiúnaí ([2]) ....
Údarás deonúcháin	Ainm	.....
	Seoladh poist Seoladh gréasáin	....
Teideal an bhirt cabhrach	.....	
Bunús dlí náisiúnta (Tagairt don fhoilseachán oifigiúil náisiúnta ábhartha)	.....	
Nasc gréasáin chuig téacs iomlán an bhirt cabhrach	.....	
An cineál birt	☐ Scéim	
	☐ Cabhair *ad hoc*	Ainm an tairbhí agus an ghrúpa ([3]) lena mbaineann sé .....
Leasú ar scéim cabhrach nó ar chabhair *ad hoc* atá ann cheana		Tagairt chabhrach an Choimisiúin SA .....
	☐ Fadú	
	☐ Modhnú	
Fad ama ([4])	☐ Scéim	ll/mm/bbbb go ll/mm/bbbb
An dáta deonúcháin	☐ Cabhair *ad hoc*	ll/mm/bbbb
An earnáil/na hearnálacha eacnamaíocha lena mbaineann	☐ Gach earnáil eacnamaíoch atá incháilithe chun cabhair a fháil	
	☐ Teoranta d'earnálacha áirithe: Sonraigh ar leibhéal ghrúpa NACE ([5])	.....
An cineál tairbhí	☐ FBM	
	☐ Fiontair bheaga mheánchaipitlithe	
	☐ Gnóthais mhóra	
An líon measta tairbhithe:	☐ suas le 10 ☐ ó 11 go 50 ☐ ó 51 go 100 ☐ ó 101 go 500 ☐ ó 501 go 1 000 ☐ níos mó ná 1 000	

Buiséad	Méid iomlán bliantúil an bhuiséid atá beartaithe faoin scéim ([6])	Airgeadra náisiúnta … (méideanna iomlána) ……
	Méid iomlán na cabhrach *ad hoc* arna deonú don ghnóthas ([7])	Airgeadra náisiúnta … (méideanna iomlána) ……
Ionstraim chabhrach	☐ Deontas/Fóirdheontas ráta úis	
	☐ Iasacht/Airleacain inaisíoctha	
	☐ Ráthaíocht (i gcás inarb iomchuí le tagairt don chinneadh ón gCoimisiún) ([8]) Tagairt don chinneadh ón gCoimisiún: SA ……	
	☐ Buntáiste cánach nó díolúine ó cháin	
	☐ Infheistíocht chothromais nó chuasachothromais	
	☐ Eile (sonraigh) …… Sonraigh cén chatagóir ghinearálta thíos is oiriúnaí i dtéarmaí éifeachta/feidhme: ☐ Deontas ☐ Iasacht ☐ Ráthaíocht ☐ Buntáiste chánach ☐ Infheistíocht chothromais nó chuasachothromais	

☐ Más cómhaoiniú ciste/cistí de chuid an Aontais atá ann	Ainm an chiste/na gcistí de chuid an Aontais: ……	Méid an chistiúcháin (in aghaidh an chiste de chuid an Aontais) …… ……	Airgeadra náisiúnta … (méideanna iomlána) …… ……

([1]) NUTS - Ainmníocht na nAonad Críche maidir le Staidreamh. De ghnáth, sonraítear an réigiún ar leibhéal 2.
([2]) Airteagal 107(3)(a) CFAE (stádas 'A'), Airteagal 107(3)(c) CFAE (stádas 'C'), limistéir gan chabhair i.e. limistéir nach bhfuil incháilithe le haghaidh cabhair réigiúnach (stádas 'N').
([3]) Chun críocha na rialacha iomaíochta a leagtar síos sa Chonradh agus chun críocha an Rialacháin seo is éard is gnóthas ann aon eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, is cuma cén stádas dlíthiúil atá aige ná cén bhealach a maoinítear é. Rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais gur cheart eintitis atá á rialú ag an eintiteas céanna (ar bhonn dlíthiúil nó *de facto*) a mheas mar aon ghnóthas amháin.
([4]) An tréimhse ar féidir leis an údarás deonúcháin gealltanas a thabhairt an chabhair a dheonú.
([5]) NACE Athbhreithniú 2.1 - Ainmníocht Staidrimh do Ghníomhaíochtaí Eacnamaíocha san Aontas Eorpach. De ghnáth, sonrófar an earnáil ag leibhéal grúpa.
([6]) I gcás scéim cabhrach: Sonraigh méid foriomlán bliantúil an bhuiséid atá beartaithe faoin scéim nó an caillteanas cánach measta in aghaidh na bliana le haghaidh na n-ionstraimí cabhrach uile atá sa scéim.
([7]) I gcás dámhachtain cabhrach *ad hoc*: Sonraigh méid foriomlán na cabhrach/an chaillteanais cánach.
([8]) I gcás inarb iomchuí, tagairt don chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an mhodheolaíocht chun an choibhéis deontais chomhláin a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 5(2), pointe (d), den Rialachán seo.

CUID II – le soláthar trí chóras fógartha leictreonach seanbhunaithe an Choimisiúin mar a leagtar síos in Airteagal 19

[Cuir in iúl cé acu foráil den Rialachán seo faoina gcuirtear an beart cabhrach chun feidhme]

Príomhchuspóir	Uasteorainn cabhrach mar % de na costais incháilithe	An t-uasmhéid cabhrach san airgeadra náisiúnta (i méideanna iomlána)
Scéim cabhrach oibriúcháin chun costais sheachtracha iompair a laghdú (Airteagal 10)	… (in aghaidh na scéime in aghaidh na bliana)	….

Príomhchuspóir		Uasteorainn cabhrach mar % de na costais incháilithe	An t-uasmhéid cabhrach san airgeadra náisiúnta (i méideanna iomlána)
Scéim cabhrach oibriúcháin chun naisc thráchtála nua lasta iarnróid agus lasta uiscebhealaí intíre a sheoladh (Airteagal 11)	An chéad bhliain oibríochta	…	……
	An dara bliain oibríochta	…	
	An tríú bliain oibríochta	…	
	An ceathrú bliain oibríochta	…	
	An cúigiú bliain oibríochta	…	
Scéim cabhrach infheistíochta a bhaineann le saoráidí seirbhíse iarnróid, saoráidí uiscebhealaí intíre agus saoráidí iompair ilmhódaigh iarnróid nó uiscebhealaí intíre (Airteagal 12)		… (in aghaidh an tionscadail)	….
Cabhair infheistíochta ad hoc a bhaineann le críochfoirt lasta iarnróid nó uiscebhealaí intíre (Airteagal 12)		… (in aghaidh an tionscadail)	…
Scéim cabhrach infheistíochta maidir le taobhlaigh phríobháideacha (Airteagal 13)		… (in aghaidh an tionscadail)	….
Scéim cabhrach infheistíochta chun feithiclí a fháil le haghaidh iompar d'iarnród nó d'uiscebhealaí intíre (Airteagal 14)		… (as an iasacht fholuiteach)	….
Scéim cabhrach infheistíochta chun Aonaid Luchtaithe Idirmhódúla nó craenacha ar bord soithí a fháil (Airteagal 15)	Aonaid Luchtaithe Idirmhódúla	…	….
	Craenacha ar bord soithí	…	
Scéim cabhrach infheistíochta le haghaidh idir-inoibritheachta (Airteagal 16)	Tionscadail infheistíochta dá dtagraítear i mír 3, pointí (a) agus (b)	…	…
	Tionscadail infheistíochta dá dtagraítear i mír 3, pointí (c) go (j)	…	
Scéim cabhrach infheistíochta le haghaidh oiriúnú agus nuachóiriú teicniúil in earnálacha an iompair inbhuanaithe de thalamh (Airteagal 17)		…	….

IARSCRÍBHINN III

FORÁLACHA MAIDIR LE FOILSIÚ NA FAISNÉISE MAR A LEAGTAR SÍOS IN AIRTEAGAL 9, MÍR 1, POINTE (C) AGUS MÍR 2

Foilseofar an fhaisnéis seo a leanas maidir le dámhachtainí aonair mar a leagtar síos in Airteagal 9(1), pointe (c):

(a) Ainm an tairbhí;

(b) Aitheantóir an tairbhí;

(c) An cineál fiontair (FBM/FMB/mór) tráth dheonú na cabhrach;

(d) An réigiún ina bhfuil an tairbhí lonnaithe, ar leibhéal NUTS II ([1]);

(e) Earnáil na gníomhaíochta ar leibhéal ghrúpa NACE ([2]);

(f) An chomhchuid cabhrach, arna sloinneadh mar mhéid iomlán san airgeadra náisiúnta ([3]);

(g) An ionstraim chabhrach ([4]) (Deontas/Fóirdheontas ráta úis, Iasacht/Airleacain inaisíoctha/Deontas inaisíoctha, Ráthaíocht, Buntáiste cánach nó díolúine ó cháin, Infheistíocht chothromais nó chuaschothromais, Eile [*sonraigh*]);

(h) Dáta deonúcháin na cabhrach;

(i) Cuspóir na cabhrach;

(j) Údarás deonúcháin;

(k) Tagairt an bhirt chabhrach ([5]).

Mar a leagtar síos in Airteagal 9(2), i gcás ina n-eagraíonn na Ballstáit a suíomhanna gréasáin cuimsitheacha maidir le státchabhair chun rochtain éasca a thabhairt ar an bhfaisnéis sin, foilseofar an fhaisnéis i bhformáid scarbhileoige sonraí, formáid lenar féidir sonraí a chuardach, a asbhaint agus a fhoilsiú go héasca ar an idirlíon, mar shampla i bhformáid CSV nó XML. Beidh rochtain ag aon pháirtí leasmhar ar an suíomh gréasáin gan srian. Ní bheidh gá le haon chlárú úsáideora roimh ré chun rochtain ar an suíomh gréasáin a fháil.

([1]) NUTS – Ainmníocht na nAonad Críche maidir le Staidreamh. De ghnáth, sonraítear an réigiún ar leibhéal 2.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an t-aicmiú staidrimh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha d'Athbhreithniú 2 NACE agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

([3]) I gcás cabhair oibriúcháin, méid bliantúil na cabhrach in aghaidh an tairbhí. I gcás cabhair infheistíochta, méid na hinfheistíochta. I gcás beart faoi Airteagal 14, an choibhéis deontais chomhláin.

([4]) I gcás ina ndeonaítear an chabhair trí níos mó ná ionstraim cabhrach amháin, is le hionstraim a sholáthrófar an méid cabhrach.

([5]) Arna soláthar ag an gCoimisiún faoin nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 19 den Rialachán seo.

IARSCRÍBHINN IV

SAINMHÍNIÚ AR FMB

Sainmhíniú ar fhiontair mheánchaipitlithe bheaga

1. Fiontar

Meastar gur fiontar atá in aon eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, is cuma cén fhoirm dhlíthiúil atá aige. Áirítear leis sin comhpháirtíochtaí nó comhlachais a ghabhann do ghníomhaíocht eacnamaíoch rialta.

2. Líon foirne agus uasteorainneacha airgeadais

Tá catagóir na bhfiontar meánchaipitlithe beag comhdhéanta d'fhiontair nach fiontair bheaga agus mheánmhéide iad i gcomhréir le hIarscríbhinn I, a fhostaíonn níos lú ná 750 duine agus ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach mó ná EUR 150 milliún nó ag a bhfuil clár comhardaithe bliantúil iomlán nach mó ná EUR 129 milliún.

3. Cineálacha fiontar a chuirtear san áireamh agus líon foirne agus méideanna airgeadais á ríomh

3.1. Is éard is 'fiontar uathrialaitheach' ann aon fhiontar nach n-aicmítear mar fhiontar comhpháirtíochta de réir bhrí phointe 3.2 ná mar fhiontar nasctha de réir bhrí phointe 3.5.

3.2. Is éard is 'fiontair chomhpháirtíochta' ann na fiontair uile nach n-aicmítear mar fhiontair nasctha de réir bhrí phointe 3.4 agus i gcás ina sealbhaíonn fiontar amháin (fiontar réamhtheachtach), cibé acu go haonarach nó i gcomhpháirt le fiontar nasctha amháin nó níos mó de réir bhrí phointe 3.5, 25 % nó níos mó den chaipiteal nó de na cearta vótála de chuid fiontar eile (fiontar iartheachtach).

3.3. Ach amháin sna cásanna a leagtar amach i bpointe 3.4, ní mheastar fiontar a bheith ina fhiontar meánchaipitlithe beag má tá 25 % nó níos mó dá chaipiteal nó dá chearta vótála faoi rialú díreach nó indíreach ag comhlacht poiblí amháin nó níos mó, i gcomhpháirt nó go haonarach.

3.4. De mhaolú ar phointe 3.2, féadfar fiontar a rangú mar fhiontar uathrialaitheach, agus dá bhrí sin mar fhiontar nach bhfuil aon fhiontar comhpháirtíochta aige, fiú amháin má bhíonn 25 % nó níos mó dá chaipiteal nó dá chearta vótála i seilbh na n-infheisteoirí seo a leanas, ar choinníoll nach bhfuil na hinfheisteoirí sin nasctha, de réir bhrí phointe 3.5, cibé acu go haonarach nó i gcomhpháirt leis an bhfiontar i gceist:

(a) corparáidí infheistíochta poiblí, cistí caipitil fiontair nó cothromais phríobháidigh, daoine aonair nó grúpaí daoine aonair a bhfuil gníomhaíocht rialta maidir le hinfheistíocht caipitil fiontair acu agus a infheistíonn caipiteal cothromais i ngnólachtaí neamhluaite ('aingil ghnó'), ar choinníoll go bhfuil infheistíocht iomlán na n-aingeal gnó sin san fhiontar céanna níos lú ná EUR 5 000 000;

(b) ollscoileanna nó ionaid taighde neamhbhrabúis;

(c) infheisteoirí institiúideacha, lena n-áirítear cistí forbraíochta réigiúnaí;

(d) údaráis áitiúla fhéinrialaitheacha ag a bhfuil buiséad bliantúil níos lú ná EUR 10 milliún agus níos lú ná 5 000 áitritheoir.

3.5. Is éard is 'fiontair nasctha' ann fiontair a bhfuil aon cheann de na caidrimh seo a leanas eatarthu:

(a) tá formhór de chearta vótála na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí i bhfiontar eile ag fiontar;

(b) tá sé de cheart ag fiontar tromlach na gcomhaltaí den chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta de chuid fiontar eile a cheapadh nó a chur as oifig;

(c) tá sé de cheart ag fiontar tionchar ceannasach a imirt ar fhiontar eile de bhun conradh a dhéantar leis an bhfiontar sin nó de bhun foráil ina mheabhrán nó ina airteagail chomhlachais;

(d) déanann fiontar, ar scairshealbhóir nó comhalta fiontair eile é, rialú ina aonar, de bhun comhaontú le scairshealbhóirí nó comhaltaí eile de chuid an fhiontair sin, ar fhormhór de chearta vótála na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí san fhiontar sin.

Tá toimhde ann nach ann do thionchar ceannasach mura bhfuil baint dhíreach ná indíreach ag na hinfheisteoirí dá dtagraítear i bpointe 3.4 le bainistiú an fhiontair i gceist, gan dochar dá gcearta mar scairshealbhóirí.

3.5.1. Fiontair ag a bhfuil aon cheann de na caidrimh a leagtar amach i bpointe 3.5 thuas trí fhiontar amháin eile nó níos mó, nó trí aon cheann de na hinfheisteoirí a luaitear i bpointe 3.4, meastar iad a bheith nasctha freisin.

3.5.2. Fiontair ag a bhfuil ceann amháin nó ceann eile de na caidrimh a leagtar amach i bpointe 3.5 thuas le duine nádúrtha nó grúpa de dhaoine nádúrtha ag gníomhú i gcomhpháirt, meastar gur fiontair nasctha iad freisin má thugann siad faoina ngníomhaíocht nó faoi chuid dá ngníomhaíocht sa mhargadh ábhartha céanna nó i margaí cóngaracha. Chun críocha an phointe seo, ciallaíonn 'margadh cóngarach' an margadh do tháirge nó do sheirbhís atá go díreach réamhtheachtach nó iartheachtach ón margadh ábhartha.

3.5.3. I gcás ina mbeidh ciste infheistíochta malartach, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (a), de Threoir 2011/61/AE ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tar éis infheistiú i bhfiontar, níor cheart na heintitis seo a leanas a mheas mar 'fhiontair nasctha' chun críocha phointe 3.5:

(a) an fiontar sin agus an ciste infheistíochta malartach sin;

(b) an fiontar sin agus bainisteoir an chiste infheistíochta mhalartaigh sin;

(c) an fiontar sin agus fiontar eile inar infheistigh an ciste infheistíochta malartach sin.

Tá feidhm ag an gcéad fhomhír ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) go gcoinníonn an ciste infheistíochta malartach agus a bhainisteoir, agus na fiontair lena mbaineann, taifid chuntasaíochta ar leithligh;

(b) go mbíonn straitéis infheistíochta réamhshainithe ag an gciste infheistíochta malartach agus ag a bhainisteoir chun imeacht ón bhfiontar nó ó na fiontair lena mbaineann, lena n-áirítear trína luach a réadú tríd an bhfiontar a dhíol nó trí mhodhanna eile.

3.6. Féadfaidh fiontair dearbhú stádais mar fhiontar uathrialaitheach, fiontar comhpháirtíochta, nó fiontar nasctha a dhéanamh, ina gcuimsítear na sonraí maidir leis na huasteorainneacha a leagtar amach i bpointe 2. Féadfar an dearbhú a dhéanamh fiú amháin má scaiptear an caipiteal ar bhealach a fhágann nach féidir an sealbhóir a chinneadh go beacht, agus sa chás sin féadfaidh an fiontar a dhearbhú de mheon macánta gur féidir leis a thoimhdiú go dlisteanach nach bhfuil 25 % nó níos mó ná sin de faoi úinéireacht ag fiontar amháin nó ag fiontair nasctha i gcomhpháirt. Déantar dearbhuithe den sórt sin gan dochar do na seiceálacha agus do na himscrúduithe dá bhforáiltear i rialacha náisiúnta nó i rialacha an Aontais.

4. Sonraí a úsáidtear don líon foirne agus do na méideanna airgeadais agus don tréimhse thagartha.

4.1. Is iad na sonraí nach mór a chur i bhfeidhm maidir leis an líon foirne agus leis na méideanna airgeadais na sonraí i ndáil leis an tréimhse cuntasaíochta fhormheasta is déanaí a ríomhtar ar bhonn bliantúil. Cuirtear san áireamh ón dáta a dhúntar na cuntais iad. Ríomhtar an méid a roghnaítear don láimhdeachas gan cáin bhreisluacha ná cánacha indíreacha eile a chur san áireamh.

4.2. Más rud é, an dáta a dhúntar na cuntais, go bhfaigheann fiontar amach gur sháraigh sé an líon foirne nó na huasteorainneacha airgeadais a luaitear i bpointe 2 nó gur thit sé faoina mbun ar bhonn bliantúil, ní bheidh mar thoradh air sin caillteanas nó gnóthú stádais mar fhiontar meánchaipitlithe beag ach amháin má sháraítear na huasteorainneacha sin in imeacht dhá thréimhse chuntasaíochta as a chéile.

([1]) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh.1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/61/oj).

4.3. I gcás fiontair nuabhunaithe nár formheasadh a gcuntais go fóill, déanfar na sonraí a chuirfear i bhfeidhm a dhíorthú ó mheastachán *bona fide* a rinneadh le linn na bliana airgeadais.

5. Líon foirne

5.1. Comhfhreagraíonn an líon foirne don líon daoine a d'oibrigh go lánaimseartha laistigh den fhiontar i gceist nó thar a cheann le linn na bliana tagartha iomláine atá á meas ('aonaid oibre bhliantúla'). Cuirtear obair daoine nár oibrigh go lánaimseartha le linn na bliana iomláine, obair iad siúd a d'oibrigh go páirtaimseartha, gan beann ar an bhfad, agus obair oibrithe séasúracha san áireamh mar chodáin d'aonaid oibrithe bhliantúla. Tá an fhoireann comhdhéanta díobh seo a leanas:

(a) fostaithe;

(b) daoine atá ag obair don fhiontar, atá faoina réir agus a mheastar a bheith ina bhfostaithe faoin dlí náisiúnta;

(c) bainisteoirí ar úinéirí iad;

(d) comhpháirtithe a ghabhann do ghníomhaíocht rialta san fhiontar agus a thairbhíonn de bhuntáistí airgeadais ón bhfiontar.

5.2. Ní dhéantar printísigh ná mic léinn a ghabhann do ghairmoiliúint a bhfuil conradh printíseachta nó gairmoiliúna acu a áireamh mar bhaill den fhoireann. Ní áirítear tréimhsí saoire máithreachais ná tuismitheoireachta.

6. Na sonraí a bhaineann le fiontar a bhunú

6.1. I gcás fiontar uathrialaitheach, cinntear na sonraí, lena n-áirítear an líon foirne, ar bhonn chuntais an fhiontair sin agus orthu sin amháin.

6.2. Cinntear na sonraí, an líon foirne san áireamh, a bhaineann le fiontar ag a bhfuil fiontair chomhpháirtíochta nó fiontair nasctha dá dtagraítear i bpointe 3 ar bhonn chuntais agus sonraí eile an fhiontair nó, i gcás inarb ann dóibh, ar bhonn chuntais chomhdhlúite an fhiontair, nó ar bhonn na gcuntas comhdhlúite ina bhfuil an fiontar páirteach trí chomhdhlúthú.

Leis na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirtear na sonraí a bhaineann le haon fhiontar comhpháirtíochta de chuid an fhiontair i gceist agus atá go díreach réamhtheachtach nó iartheachtach uaidh. Is i gcomhréir leis an gcéatadán úis sa chaipiteal nó sna cearta vótála, cibé acu is mó, a dhéantar comhiomlánú. I gcás tras-sealúchas, tá feidhm ag an gcéatadán is airde.

Leis na sonraí dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fomhír cuirtear 100 % de na sonraí a bhaineann le haon fhiontar atá nasctha go díreach nó go hindíreach leis an bhfiontar i gceist, sa chás nár cuimsíodh na sonraí sna cuntais cheana féin trí chomhdhlúthú.

6.3. Chun pointe 6.2 a chur i bhfeidhm, díorthaítear sonraí fhiontair chomhpháirtíochta an fhiontair i gceist óna gcuntais agus óna gcuid sonraí eile, cuntais agus sonraí comhdhlúite más ann dóibh. Cuirtear leis sin 100 % de shonraí na bhfiontar atá nasctha leis na fiontair chomhpháirtíochta sin, ach amháin sa chás ina gcuimsítear a sonraí cuntas cheana féin trí chomhdhlúthú.

Chun pointe 6.2 a chur i bhfeidhm, ní mór sonraí na bhfiontar atá nasctha leis an bhfiontar i gceist a dhíorthú óna gcuntas agus óna sonraí eile, cuntais agus sonraí comhdhlúite más ann dóibh. Leis na sonraí sin cuirtear, *pro rata*, sonraí aon fhiontair comhpháirtíochta féideartha eile de chuid an fhiontair nasctha sin, ar fiontar é atá suite go díreach réamhtheachtach nó iartheachtach uaidh, ach amháin sa chás inar cuimsíodh cheana féin iad sna cuntais chomhdhlúite i gcéatadán atá i gcomhréir ar a laghad leis an gcéatadán a aithníodh faoi phointe 6.2, an dara mír.

6.4. I gcás nach dtaispeántar aon sonraí foirne le haghaidh fiontar ar leith sna cuntais chomhdhlúite, ríomhtar na sonraí sin trí na sonraí óna fhiontair chomhpháirtíochta a chomhiomlánú go comhréireach agus trí na sonraí ó na fiontair lena bhfuil an fiontar i gceist nasctha a chur leo.